

# Bring Dreams to Life

## *Fíoraítear Aislingí*

**ANNUAL REPORT 2009**
**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009**

National Lottery

# CONTENTS
# ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Chairman's Statement<br>Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Review of Operations<br>Athbhreithniú Oibríochta | 4 |
| Board of Directors<br>An Bord Stiúrtha | 26 |
| Management Team<br>An Bhainistíocht | 28 |
| Index to the Financial Statements<br>Innéacs do na Ráitis Airgeadais | 29 |
| Report of the Directors<br>Tuarascáil na Stiúrthóirí | 30 |
| Statement of Directors' Responsibilities<br>Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 41 |
| Report of the Independent Auditors<br>Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 42 |
| Accounting Policies<br>Polasaithe Cuntasaíochta | 44 |
| Profit and Loss Account<br>Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 46 |
| Balance Sheet<br>Clár Comhardaithe | 47 |
| Cash Flow Statement<br>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 48 |
| Notes to the Financial Statements<br>Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 49 |





Members of the 25-strong Carlton Hotel Group Dublin Airport celebrate their EuroMillions Plus win of €500,000 in November.

Scata den 25 ball foirne ó Ghrúpa Óstáin Carlton ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus a mbua de €500,000 i EuroMillions Plus mí na Samhna á cheiliúradh acu.

### our vision

To provide exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone. As a result, we aim to be the best-known brand in Ireland.

### our mission

To operate a world-class lottery for the people of Ireland, raising funds for Good Causes, on behalf of Government.

### our values

- **Integrity**
  We are fair and honest in everything we do and operate to the highest professional standards in all our activities.
- **Innovation**
  We manage our business in a dynamic and progressive way that best meets the challenges of an ever-changing society.
- **Teamwork**
  We work together as a team in which everyone supports and encourages each other.

### ár bhFís

Cluichí crannchuir spreagúla agus mealltacha a chur ar fáil, a thugann spraoi agus caitheamh aimsire do chách. Mar thoradh air sin, is mian linn bheith ar an mbranda is fearr aithne in Éirinn.

### ár misean

Crannchur ar chaighdeán domhanda a reáchtáil do mhuintir na hÉireann, cistí a ghnóthú do dhea-chúiseanna, thar ceann an Rialtais.

### ár luachanna

- **Ionracas**
  Bímid cóir agus cothrom inár gcuid oibre uile agus feidhmímid de réir na gcaighdeán is airde inár gcuid gníomhaíochtaí.
- **Nuálaíocht**
  Bainistímid ár ngnó ar bhealach dinimiciúil agus forásach is fearr a fhreagraíonn do dhúshláin shochaí atá ag síor-athrú.
- **Obair Bhuíne**
  Oibrímid le chéile mar fhoireann ina dtacaíonn agus ina spreagann daoine a chéile.

*Front Cover*
The official opening of Cratloe Community Sports Centre – named Spórtlann Mhichíl Uí Mhurchú – took place in May 2009. The new stand and multi-sports centre received €360,000 part-funded by the National Lottery.

*Clúdach Tosaigh*
Osclaíodh Spórtlann phobail na Creatalaí – ar tugadh Spórtlann Mhichíl Uí Mhurchú uirthi – go hoifigiúil mí na Bealtaine 2009. Fuair an seastán nua agus an t ionad il-spóirt €360,000 agus iad páirt-mhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta.



# How our games performed

## *Mar a ghníomhaigh ár gCluichí*

***Our Games at a Glance***

Total sales for National Lottery Games were €815.1 million which breaks down as follows...

***Sracfhéachaint ar ár gCluichí***

B'ionann an díolachán iomlán ar Chluichí an Chrannchuir Náisiúnta agus €815.1 milliún.
Is féidir an figiúr a bhriseadh síos mar seo a leanas...




*Financial Highlights*

*Buaicphointí Airgeadais*




**Sales**

**Díolachán**

2009: €815.1m

2008: €840.1m




**Prizes**

**Duaiseanna**

2009: €438.3m

2008: €455.0m




**Costs**

**Costais**

2009: €113.3m

2008: €117.3m




**Funds Raised**

**Cistí Cnuasaithe**

2009: €263.5m

2008: €267.8m

# CHAIRMAN'S STATEMENT
# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



**During 2009 we successfully raised €263.5 million for good causes throughout Ireland, a similar level to that raised in the previous year. This brings the overall level of funds raised since the launch of the National Lottery to over €3.4 billion – a significant amount of money by any standard. This investment in community and individual projects all over the country has made a measurable difference and demonstrates the value of Ireland's National Lottery.**

**Le linn 2009 d'éirigh linn €263.5 milliún a ghnóthú do dhea-chúiseanna ar fud na hÉireann – figiúr a bhí ag teacht le leibhéal na bliana seo caite. Fágann sé seo méid na gcistí a cnuasaíodh ó seoladh an Crannchur Náisiúnta go dtí os cionn €3.4 billiún – suim nach beag de réir caighdeáin ar bith. Rinne an t-infheistiú seo i dtionscadail phobail agus aonair ar fud na tíre uile difríocht shuntasach agus léiríonn sé luach Chrannchur Náisiúnta na hÉireann.**

Following two exceptional years of growth, I am pleased to report a very satisfactory performance for the year with overall sales of €815.1 million compared to €840.1 million in 2008. This represents a slight drop of 3% in a challenging economic environment. Over the last three years National Lottery sales have increased by 20%.

Throughout 2009, we implemented a programme of innovative game developments designed to keep the National Lottery's portfolio of games exciting and relevant to players. This included the launch of Play Online, our internet games offering, and the introduction of our first daily game, 'All or Nothing'. We also launched an Irish version of the popular 'Deal or No Deal' TV Gameshow, expanded our Lotto 5-4-3-2-1 game and implemented an exciting range of prize promotions.

## Performance

In each of the previous two years, record level Lotto jackpots yielded higher than expected Lotto revenues. In 2009, Lotto sales were as expected at €336.0 million compared to €381.4 million in the previous year whilst sales of Lotto Plus were €97.5 million. Within this category, Lotto 5-4-3-2-1 performed well following the addition of games based on our Lotto Plus draws in September and sales for this game increased to €11.2 million for the year.

The EuroMillions game benefitted from the excitement around Ireland's second highest ever win of €29 million resulting in sales of €105.7 million in 2009. The related EuroMillions Plus game enjoyed a 3.8% rise in sales increasing to €34.4 million from €33.2 million in 2008. 65% of all EuroMillions players now play the Plus game.

Our Monday Million draw game, launched in September 2008, became a favourite with players during 2009 achieving sales of €25.4 million. Meanwhile, the successful Millionaire Raffle game expanded and achieved overall sales of €23.5 million in the course of the year. Our TellyBingo game also performed well with a 2.4% increase in sales to €14.3 million.

I ndiaidh tréimhse dhá bhliana ina raibh fás eisceachtúil, is cúis áthais dom feidhmíocht an-sásúil a thuairisciú agus díolachán de €815.1 milliún bainte amach i gcomparáid le €840.1 milliún i 2008. Is ionann é seo agus titim de 3% i dtimpeallacht eacnamaíoch dhúshlánach. Le trí bliana anuas bhí méadú de 20% ar dhíolachán an Chrannchuir Náisiúnta.

Le linn 2009, d'fheidhmíomar clár forbartha de chluichí nuálaíocha a raibh mar aidhm leo punann cluichí an Chrannchuir Náisiúnta a choinneáil spreagúil agus spéisiúil do na himreoirí. San áireamh anseo bhí eisiúint Play Online, ár gcluiche nua idirlín, agus seoladh ár gcéad chluiche laethúil, 'All or Nothing'. Thairis sin, sheolamar leagan Éireannach den seó-chluiche móréilimh, 'Deal or No Deal', d'fhorbraíomar ár gcluiche Lotto 5-4-3-2-1 agus chuireamar i bhfeidhm raon de phromóisin duaise.

## Feidhmíocht

I ngach ceann den dá bhliain dheiridh, bhí torthaí níos airde mar a raibh súil leo mar thoradh ar photaí óir ard-leibhéil Lotto. I 2009, bhíothas ag súil le díolachán de €336.0 milliún ar Lotto, mar a rabhthas ag súil leis, i gcomparáid le €381.4 milliún an bhliain roimhe sin, an fhaid is a bhí díolachán de €97.5 milliún ar Lotto Plus. Taobh istigh den chatagóir seo d'fheidhmigh Lotto 5-4-3-2-1 go maith tar éis dúinn cluichí a chur leis mí Mheán Fómhair a bhí bunaithe ar ár gcrannchuir Lotto Plus agus bhí méadú ar dhíolachán an chluiche go dtí €11.2 milliún sa bhliain.

Chuaigh an charabuaic a d'eascair as an dara bua ba mhó riamh ag Éirinn in EuroMillions – duais de €29 milliún - chun tairbhe an chluiche agus baineadh amach díolachán de €105.7 milliún i 2009. Bhí méadú de 3.8% ar dhíolachán an chluiche ghaolmhair, EuroMillions Plus, agus baineadh amach díolachán de €34.4 milliún, méadú ó €33.2 milliún i 2008. Imríonn 65% d'imreoirí uile EuroMillions an cluiche Plus anois.

Bhí ár gcluiche crannchuir, Monday Million, a seoladh mí Mheán Fómhair 2008 ar cheann de roghanna na n imreoirí le linn 2009 agus baineadh amach díolachán de €25.4 milliún. Ag an am céanna méadaíodh an cluiche rathúil, Millionaire Raffle, agus baineadh amach díolachán de €23.5 milliún le linn na bliana. D'éirigh go maith freisin lenár gcluiche, TellyBingo, agus bhí méadú 2.4% ar an díolachán go dtí €14.3 milliún.

# Overall return of 86.1% of sales to our players and the Irish community

## 86.1% den díolachán á thabhairt thar n-ais d'ár n-imreoirí is do mhuintir na hÉireann

Scratch Cards continue to be an important part of our business, representing 20% of overall turnover with sales of €163.8 million. In 2009, we were pleased to collaborate with TV3 to bring the internationally popular 'Deal or no Deal' game to Irish television screens and give our players another exciting way to win substantial prizes.

Other new game launches in 2009 included All or Nothing, our first daily game. Launched in October, this game generated sales of €3.4 million in just over two months.

In addition to raising funds for good causes, the National Lottery also returns significant amounts of money to the community through its prize fund. In 2009, total prizes amounted to €438.3 million across the different game categories. Together with the funds generated for good causes, this represents an overall return of 86.1% of sales to our players and the Irish community.

### Operations

During the year, there was an increase in business activity, including the introduction of the new daily draw and an expanded number of Millionaire Raffle draws. Total operating expenses for 2009 were €113.3 million or 13.9% of sales, down from 14% in the previous year. This figure included agents' commission of €50.9 million, down from €52.3 million in 2008, reflecting the slightly lower level of sales. Other costs of sales were reduced by €2.7 million to €39.6 million as a result of greater operating efficiencies particularly in the area of technical support. At €19.7 million, our administrative costs were 2.4% of sales.

Throughout the year, our regulator, the Minister of Finance, Brian Lenihan TD, and his department provided ongoing guidance and support, as did our main shareholder, An Post. This was much appreciated by the Board and management of the National Lottery.

As Chairman I was ably assisted in my role by the expertise of my Board colleagues. I would like to thank them for their support. The management and staff of the National Lottery also deserve recognition for delivering very satisfactory results during a very busy and challenging year.

This time last year, we were unsure as to how the economic uncertainty would affect the National Lottery's performance. We now know that with determination, imagination and hard work we can sustain our business and continue to generate much needed funds for good causes. We look forward to further developing Ireland's National Lottery, particularly our growing internet capability, while continuing to successfully manage the business and contribute to Irish society.

Tá na Cluichí Scríobchartaí ina chuid thábhachtach dár ngnó i gcónaí. Is ionann iad agus 20% den láimhdeachas, le díolachán de €163.8 milliún. I 2009 bhí áthas orainn dul i bpáirtíocht le TV3 chun an cluiche, 'Deal or no Deal', a bhfuil éileamh air go hidirnáisiúnta, a chur ar scáileáin teilifíse na hÉireann agus deis shuaithinseach bhreise a thabhairt d'ár n imreoirí chun duaiseanna substaintiúla a bhuachan.

I measc na gcluichí nua eile a seoladh i 2009 bhí All or Nothing, ár gcéad chluiche laethúil. Seoladh é mí Dheireadh Fómhair agus ghin sé díolachán de €3.4 milliún i mbeagán breis is dhá mhí.

Anuas ar airgead a chnuasach do dhea-chúiseanna, cuireann an Crannchur Náisiúnta suimeanna substaintiúla airgid ar ais sa phobal trína duais-chiste. I 2009, bronnadh €438.3 milliún de dhuaiseanna ar fad thar na catagóirí éagsúla cluichí. Anuas ar na cistí a gineadh do dhea chúiseanna, is ionann seo agus 86.1% den díolachán a thabhairt thar n ais d'ár n imreoirí agus do mhuintir na hÉireann.

### Oibríochtaí

Le linn na bliana bhí méadú ar ghníomhaíocht ghnó, seoladh chrannchur nua laethúil agus méadú ar líon na gcrannchur, Millionaire Raffle, san áireamh. B'ionann na costais iomlána oibríochta do 2009 agus €113.3 milliún nó 13.9% den díolachán – laghdú ó 14% an bhliain roimhe sin. Áirítear san fhigiúr seo €50.9 milliún ar choimisiún na ngníomhairí – laghdú ó €52.3 milliún i 2008 – rud a léiríonn an titim bheag ar dhíolachán. Laghdaíodh na costais eile de €2.7 milliún go dtí €39.6 milliún mar thoradh ar éifeachtacht bhreise oibríochta, go háirithe i réimse na tacaíochta teicniúla. B'ionann ár gcostais riaracháin de €19.7 milliún agus 2.4% de díolachán.

Le linn na bliana, chuir ár rialálaí, an tAire Airgeadais, Brian Ó Luineacháin TD, agus a roinn comhairle agus tacaíocht leanúnach ar fáil dúinn – rud a rinne ár bpríomh-scairshealbhóir, An Post, fosta. Ba mhór é seo ag Bord agus ag bainistíocht an Chrannchuir Náisiúnta.

Bhí saineolas mo chomhghleacaithe ar an mBord ina thaca domsa mar Chathaoirleach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht. Tá aitheantas ag dul do bhainistíocht agus d'fhoireann an Chrannchuir Náisiúnta as torthaí an-sásúla a bhaint amach i mbliain a bhí gnóthach agus dúshlánach.

Taca an ama seo anuraidh ní raibh a fhios againn cén éifeacht a bheadh ag an éiginnteacht eacnamaíoch ar fheidhmíocht an Chrannchuir Náisiúnta. Is eol dúinn anois go dtig linn le diongbháilteacht, le samhlaíocht agus le cruashaothar ár ngnó a iompar agus leanúint orainn ag giniúint airgid, a bhfuil géarghá leis, do dhea chúiseanna. Táimid ag súil le Crannchur Náisiúnta na hÉireann a fhorbairt, go háirithe trínár n acmhainn idirlín, agus leanúint orainn ag an am céanna de bheith ag bainistiú an ghnó agus ag tacú leis an sochaí in Éirinn.

**Donal Connell**
Chairman, 23 February 2010
Cathaoirleach, 23 Feabhra 2010



# REVIEW OF OPERATIONS
# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTA

After exceptionally good years in 2007 and 2008, the National Lottery again delivered a strong performance in 2009 and raised €263.5 million for good causes. We generated sales of €815.1 million – our second highest level of sales ever, just below the record level achieved in 2008 – in an environment where retail footfall was significantly down. This was achieved by expanding our game portfolio to create fun and excitement for players and generate funds for good causes.

Tar éis dhá bhliain shár-mhaithe a bheith aige i 2007 agus 2008 d'fheidhmigh an Crannchur Náisiúnta go hinmheach arís i 2009 agus chnuasaigh sé €263.5 milliún do dhea-chúiseanna. Ghineamar díolachán de €815.1 milliún, an dara leibhéal a b'airde riamh, díreach i ndiaidh uas-leibhéal 2008, i dtimpeallacht nuair a bhí titim shuntasach ar líon na gcustaiméirí miondíola. Baineadh é seo amach trínár bpunann cluichí a mhéadú chun spraoi agus fosaoid a chruthú d'ár n imreoirí agus cistí a ghiniúint do dhea-chúiseanna.



Enthusiastic audience supporters pictured at the popular Big Money TV Gameshow which ran for 13 weeks during the summer and had a record number of top prize winners.

Grianghraf de lucht tacaíochta díograiseach ag an Seó-chluiche teilifíse móréilimh Big Money a bhí ar siúl ar feadh 13 seachtaine le linn an tsamhraidh agus a raibh uasmhéid de bhuaiteoirí barr dhuaise air.

# Our players and prizes

## *Cé a Imríonn ár gCluichí*

### PLAYERS

With 65% of all adults, or 2.2 million people, playing National Lottery games on a regular basis, our player base draws from all adult population segments.

During 2009, we continued our strategy of developing our overall mix of games in order to keep our players involved and excited by the great prizes on offer and the fun of playing.

### PRIZES

Prizes are the key factor in the successful operation of Ireland's National Lottery and in 2009 our players shared winnings of €438.3 million. That's an average of €1.2 million won every day of the year.

During the year, there were 139 jackpot winners across all our draw games, the highest of which was the Dublin winner of €29 million on the EuroMillions game. In all, 937 players won prizes over €10,000.

### IMREOIRÍ

Agus 65% de dhaoine fásta, nó 2.2 milliún duine, ag imirt cluichí an Chrannchuir Náisiúnta ar bhonn rialta, tá dúshraith ár mbonn imreoirí le fáil i ngach deighleog den phobal aosach.

Le linn 2009 leanamar den straitéis de bheith ag forbairt ár gcumasc iomlán cluichí chun na himreoirí a choinneáil rannpháirteach agus tógtha leis na duaiseanna iontacha a bhí ar fáil agus leis an spraoi a ghabh leis an imirt.

### DUAISEANNA

Tá na duaiseanna mar eochairghné den tslí rathúil ina rithimid Crannchur Náisiúnta na hÉireann agus i 2009 roinneadh duaiseanna dar luach €438.3 milliún ar ár mbuaiteoirí. Is ionann seo agus meán de €1.2 milliún gach lá den bhliain.

Le linn na bliana bhuaigh 139 duine potaí óir thar ár gcluichí crannchuir uile. Buaiteoir ó Bhaile Átha Cliath a bhain an duais ba mhó - €29 milliún i gcluiche EuroMillions. Ina iomláine, bhuaigh 937 imreoir duaiseanna níos mó ná €10,000.






Dora Kelly's Newsagents in Newcastle, Co. Dublin sold the ticket that won €29 million in the EuroMillions draw in June. Dora celebrates the €25,000 bonus she received from the National Lottery with her retail team.

Ba Shiopa Nuachta Dora Kelly sa Chaisleán Nua, Co. Bhaile Átha Cliath, a dhíol an ticéad a bhuaigh €29 milliún i gcrannchur EuroMillions mí an Mheithimh. Ceiliúrann Dora an bónas de €25,000 a fuair sí ón gCrannchur Náisiúnta lena foireann mhiondíola.

# Some of our prize winners

## *Cuid d'ár nduaiseoirí*









### It's a winner

RTE presenter Kathryn Thomas pictured with Olive Tallon from Ratoath, Co. Meath at the Winning Streak TV Gameshow on 7 November 2009. Players shared €11 million in prizes on Winning Streak during 2009.

### Buaiteoir againn anseo

Láithreoir RTÉ, Kathryn Thomas, agus í anseo le Olive Tallon ó Ráth Tó, Co. na Mí, ag Seó-chluiche teilifíse Winning Streak ar 7 Samhain 2009. Roinneadh duaiseanna dar luach €11 milliún ar bhuaiteoirí Winning Streak le linn 2009.

### Bringing Dreams to Life

Dermot Griffin presents a €350,000 cheque to Mary Roche winner of Lotto Plus 1 jackpot on 28 January 2009. Mary was one of 29 winners of the Lotto Plus 1 top prize in 2009.

### Ag Fíorú Aislingí

Bronnann Dermot Griffin seic €350,000 ar Mary Roche a bhuaigh pota óir Lotto Plus 1 ar 28 Eanáir 2009. Bhí Mary ar dhuine de 29 buaiteoir bharr-duaise Lotto Plus i 2009.

### New York, New York!

Niall Walsh and Natalie Moore shopped 'til they dropped when they travelled to New York as part of the Big Money Game winners' trip in October 2009.

### Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac!

Ba dhóbair do Niall Walsh agus do Natalie Moore titim agus an méid siopadóireachta a rinne siad nuair a thaisteal siad go Nua-Eabhrac mar chuid de thuras bhuaiteoirí an chluiche, Big Money, mí Dheireadh Fómhair 2009.




### Laois Celebrates

Jimmy Stapleton from Durrow, Co. Laois celebrates his €350,000 Lotto Plus 1 win with his wife Kathleen and family.

### Ceiliúradh mhuintir Laoise

Ceiliúrann Jimmy Stapleton as Darú, Co. Laoise, a bhua de €350,000 i Lotto Plus 1 lena bhean, Kathleen, agus a dteaghlach.



**Big Apple Spree**
Derek Mooney and Linda Buckley from Cork enjoying the Big Money Game winners' trip to New York in October 2009. Each lucky winner received €2,500 spending money to live it up in the Big Apple.

**Spraoi sa Big Apple**
Derek Mooney agus Linda Buckley ó Chorcaigh agus taitneamh á bhaint acu as turas bhuaiteoirí an Big Money Game go Nua-Eabhrac mí Dheireadh Fómhair 2009. Fuair gach buaiteoir ádhúil €2,500 d'airgead póca chun dul le haer an tsaoi sa Big Apple.



**Celebrity Winning Streak**
Musician Sharon Corr participated in the Celebrity Winning Streak TV Gameshow in December 2009. She won €27,000 for the Simon Community and the Dundalk Simon Community.

**Winning Streak na gCeiliúrán**
Ghlac an ceoltóir, Sharon Corr, páirt i Seó-chluiche teilifíse Winning Streak na gCeiliúrán mí na Nollag 2009. Bhuaigh sí €27,000 do Chlann Shíomóin agus do Chlann Shíomóin Dhún Dealgan.



**TellyBingo Big Win**
Aine Reilly celebrates with her father Francis Reilly, from Ratoath, Co. Meath who shared a €70,000 TellyBingo Snowball win on 4 August 2009.

**Bua mór TellyBingo**
Ceiliúrann Áine Reilly lena hathair, Francis Reilly, ó Ráth Tó, Co. na Mí, a bhuaigh sciar i nduais €70,000 ar TellyBingo Snowball ar 4 Lúnasa 2009.



**Deal or No Deal**
Hannah O'Connor from Galway won €89,000 on the Deal or No Deal TV Gameshow presented by Keith Barry on TV3. Viewer numbers for the popular TV show peaked at over 350,000.

**Deal or No Deal**
Bhuaigh Hannah O'Connor ó Ghaillimh €89,000 ar Sheó-chluiche teilifíse Deal or No Deal a bhí curtha i láthair ag Keith Barry ar TV3. Bhí breis is 350,000 duine ag breathnú ar an seó teilifíse móréilimh seo tráth ar shroich sé a bhuaicphointe.

# Our Lotto games continue to perform well

## *Leanann ár gCluichí Lotto de bheith ag feidhmiú go maith*

Over the three years since we introduced the new enhanced Lotto game structure, sales have performed very well, with a 23% increase in our Lotto draw games. This level of growth is one of the highest in the world for an established Lotto game. The first two years, 2007 and 2008, were exceptional in terms of jackpot rollovers, with record jackpots of €18.9 million and €15.2 million respectively, so we anticipated a more normal year in 2009. The relatively low level of jackpot rollovers naturally had an impact on sales of our main Lotto draw games. Lotto sales were €336.0 million, while Lotto Plus sales were €97.5 million. This compares to €381.4 million and €109.0 million respectively in the previous year.

We were delighted to have had 22 Lotto jackpot wins throughout the year, giving an average of one jackpot win every 2.5 weeks, and generating revenue in line with expectations for the game.

The largest jackpot during the year was €14,530,193 which was won on 18 April by a lucky couple from Glenageary, Co. Dublin. This was followed by the second highest 2009 jackpot of €13,150,324 on 26 May. The winning ticket was sold in Dalkey Post Office, Co. Dublin and won by a husband and wife from the west of Ireland who bought a €4 quick pick on a visit to Dublin.

Le linn na dtrí bliana ó thugamar ár struchtúr nua de chluichí Lotto isteach bhí rath ar an díolachán agus bhí méadú 23% ar ár gcluichí crannchuir Lotto. Tá an ráta fáis seo ar cheann de na cinn is airde ar domhan do chluiche seanbhunaithe Lotto. Bhí an dá bhliain tosaigh, 2007 agus 2008, eisceachtúil i dtéarmaí tar-rolladh na bpotaí óir, le potaí óir de €18.9 milliún agus €15.2 milliún faoi seach, rud a d'fhág go rabhamar ag súil le bliain níos normálta i 2009. Nádúrtha go leor d'fhág an leibhéal íseal de thar-rolladh photaí óir a rian ar dhíolachán ár bpríomh-chluichí Lotto. Bhí díolachán de €336.0 milliún ar Lotto agus €97.5 milliún ar Lotto Plus. B'iad €381.4 milliún agus €109.0 milliún faoi seach na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe sinn.

Bhíomar an-sásta 22 pota óir Lotto a bheith againn le linn na bliana, nó meán de phota óir amháin gach 2.5 seachtain, rud a ghin ioncam a bhí ag teacht lena rabhamar ag súil leis ón gcluiche.

B'é €14,530,193 an pota óir ba mhó a buadh le linn na bliana agus ba lánúin ámharach ó Ghleann na gCaorach, Co. Bhaile Átha Cliath, a bhain é ar 18 Aibreán. Ba phota óir, de €13,150,324, a buadh ar 26 Bealtaine, an dara ceann ba mhó i 2009. Díoladh an ticéad, a bhain an duais, in Oifig an Phoist Dheilginse, Co. Bhaile Átha Cliath. Fear agus a bhean ó iarthar na hÉireann a cheannaigh an rogha ghasta €4 le linn cuairte ar Bhaile Átha Cliath.




Throughout the year the National Lottery introduced 14 special Lotto related promotions to stimulate excitement among players. These were partly funded from unclaimed prizes.

Le linn na bliana thóg an Crannchur Náisiúnta isteach 14 promóisean speisialta, a raibh baint acu le Lotto, chun fosaoid a spreagadh i measc na n imreoirí. Ba le hairgead dhuaiseanna nár bailíodh a rinneadh páirt-mhaoiniú orthu.




Pippa O'Connor promotes the €10 million Lotto jackpot in September.

Pippa O'Connor agus pota óir Lotto de €10 milliún á chur chun cinn aici mí Mheán Fómhair.

A very popular win was that by the KennCo syndicate when all 20 employees of that company shared €8,533,395 in early November.

To stimulate excitement amongst players, we introduced 14 special Lotto related promotions partly funded from unclaimed prizes. An extra €2 million was added to the jackpot on nine special occasions and bank holiday weekends throughout the year.

For Valentine's Day, we had a special promotion where Match 5 plus Bonus winners on Lotto and Lotto Plus games won €100,000 worth of diamonds along with their regular prizes. To celebrate Halloween, there was a 'Match 4 Win More' draw, where each Match 4 and Match 4 plus bonus winner in Lotto, Lotto Plus 1 and Lotto Plus 2 was guaranteed €200.

Special Lotto 'Double All Prizes' promotions took place for Easter, Back to School and Christmas with all prizes, apart from the jackpot, doubled for Lotto and Lotto Plus games. On two weekends in December, all Lotto, and Lotto Plus 1 and Lotto Plus 2 winners received an extra prize of a 'Deal or no Deal' Scratch Card.

Lotto players won cash prizes to the value of €168 million during 2009 and 27 individual millionaires were created. During the year, there were 26 jackpots between €5 million and €10 million and a further eight jackpots over €10 million.

Lotto Plus winners shared €46.5 million, including 29 winners of the €350,000 Lotto Plus 1 top prize and 15 winners of the €250,000 Lotto Plus 2 top prize.

The numbers game Lotto 5-4-3-2-1 was extended during the year to include the option of playing the Plus draws. Players responded well to this innovation with sales of €11.2 million achieved. The structure of this game generates a larger amount of smaller prizes with a high prize pay out level of 66%. Players won a total of €7.4 million in this game in 2009.

Bua, a rabhthas an-tógtha leis, ba ea bua na sindeacáite ó KennCo, mar a roinneadh €8,533,395 ar an 20 fostaí sa chuideachta úd go luath i mí na Samhna.

Chun flosc na n imreoirí a spreagadh thugamar isteach 14 promóisean speisialta, a bhain le Lotto, agus ar maoiníodh cuid díobh le duaiseanna nár bailíodh. Cuireadh €2 milliún breise leis an bpota óir ar naoi n ócáid speisialta agus ar dheirí seachtaine saorlaethanta bainc le linn na bliana.

Bhí promóisean ar leith againn do Lá San Vailintín nuair a fuair buaiteoirí Match 5 plus Bonus i gcluichí Lotto agus Lotto Plus araon luach €100,000 de dhiamaint anuas ar a ngnáth-dhuaiseanna. Chun Oíche Shamhna a cheiliúradh bhí crannchur 'Match 4 Win More' ann mar a cinntíodh go bhfuair gach buaiteoir Match 4 agus Match 4 Plus i Lotto, Lotto Plus 1 agus Lotto Plus 2 duais de €200.

Bhí promóisin speisialta Lotto 'Double All Prizes' ann um Cháisc, don Scoilbhliain úr agus um Nollaig nuair a dúblaíodh na duaiseanna uile i gcluichí Lotto agus Lotto Plus seachas an pota óir. Ar dhá dheireadh seachtaine le linn mí na Nollag fuair gach buaiteoir Lotto, Lotto Plus 1 agus Lotto Plus 2 duais bhreise de scríobchárta 'Deal or no Deal'.

Bhuaigh imreoirí Lotto duaiseanna airgid dar luach €168 milliún le linn 2009 agus rinneadh milliúnaí de 27 duine. Le linn na bliana bhí 26 pota óir, arbh fhiú idir €5 milliún agus €10 milliún an ceann iad, agus de bhreis air sin bhí ocht bpota óir ann arbh fhiú os cionn €10 milliún an ceann iad.

Roinneadh €46.5 milliún ar bhuaiteoirí Lotto Plus agus bhí 27 duine ann a ghnóthaigh an bharr-dhuais de €350,000 i Lotto Plus 1 agus 15 buaiteoir i Lotto Plus 2 a fuair an bharr-dhuais de €250,000.

Cuireadh leis an gcluiche uimhreacha Lotto 5-4-3-2-1 le linn na bliana chun an rogha a thabhairt páirt a ghlacadh sna crannchuir Plus. Bhí freagairt mhaith ó na himreoirí don nuáil seo agus baineadh amach díolachán de €11.2 milliún. Cruthaíonn leagan amach an chluiche líon níos airde de dhuaiseanna beaga agus leibhéal ard de 66% de chaitheamh ar dhuaiseanna. Bhuaigh imreoirí iomlán de €7.4 milliún sa chluiche seo le linn 2009.



Olive Tully and Clare Foye of the KennCo winning syndicate celebrate their share of the €8.5 million jackpot which was won by all 20 employees of the company on 31 October 2009.

Ceiliúrann Olive Tully agus Clare Foye ó shindeacáit KennCo a sciar den phota óir de €8.5 milliún a bhuaigh gach duine den 20 fhostaí sa chuideachta ar 31 Deireadh Fómhair 2009.

# €29 million Irish EuroMillions win creates excitement

## *Sceitimíní de bharr bua Éireannach de €29 milliún i EuroMillions*

Sales of EuroMillions in 2009 were €105.7 million, down marginally from €109.0 million in the previous year. The related draw game, EuroMillions Plus, increased sales by 3.8% to €34.4 million as more players realised the unique benefits of this game.

Irish players won a combined total of €71.5 million from the two EuroMillions draw games, a similar level to the previous year when €72.5 million was won.

There was great excitement when an Irish winner shared the jackpot in June winning €29,430,608 and continuing the luck of the Irish in this game. This was the second highest ever Irish win and was paid from the central EuroMillions jackpot fund. The winning €6 quick pick was bought by a family syndicate of six people in Dora Kelly's Newsagents in Newcastle, Co. Dublin.

Bhí díolachán de €105.7 milliún ar EuroMillions i 2009: laghdú beag é seo ó €109.0 milliún sa bhliain roimhe sin. Bhí méadú 3.8% go dtí €34.4 milliún ar an gcluiche gaolmhar, EuroMillions Plus, de réir mar a thuig níos mó imreoirí buntáistí ar leith an chluiche seo.

Bhuaigh imreoirí Éireannacha iomlán de €71.5 milliún ón dá chluiche crannchuir EuroMillions, figiúr a bhí ag teacht le figiúr na bliana roimhe sin nuair a buadh €72.5 milliún.

Bhí sceitimíní ar chách nuair a bhuaigh Éireannaigh sciar den phota óir mí an Mheithimh agus €29,430,608 de dhuais faighte acu. Fraisín den ádh Éireannach! B'é seo an dara bua Éireannach ba mhó fós agus íocadh í as lárchiste phota óir EuroMillions. Sindeacáit clainne de sheisear a cheannaigh an rogha ghasta €6 i Siopa Nuachta Dora Kelly sa Chaisleán Nua, Co. Bhaile Átha Cliath.




Members of the Mercury Fire Protection syndicate celebrate their €500,000 EuroMillions Plus win.

Ceiliúrann baill shindeacáit Mercury Fire Protection a mbua de €500,000 i EuroMillions Plus.



Michelle McKenna, together with family and friends, celebrates her €500,000 EuroMillions Plus win in May.

Ceiliúrann Michelle McKenna, i dteannta a teaghlaigh is a cairde, a bua de €500,000 i EuroMillions Plus mí na Bealtaine.

In May, the biggest ever single EuroMillions jackpot win happened in Spain when an unnamed 25 year old Spanish woman won €126 million. Her ticket was purchased over the internet.

To add to the fun and excitement of EuroMillions games, there was a guaranteed €100 million jackpot for each of two designated draws in March and September.

A number of EuroMillions Plus extra draws also took place throughout the year ensuring further excitement for players. These draws mainly took place around bank holiday and festive weekends. Each of these six 'Extra Draws' offered €1 million as the top prize. In cases where the top prize wasn't won, the €1 million was shared by winners at the next level.

I am pleased to report that during 2009, there were 27 lucky winners of the EuroMillions Plus top prize of €500,000, compared to 15 winners in 2008.

Mí Bealtaine, bhí an bua aonair de phota óir EuroMillions ba mhó riamh ann nuair a fuair Spáinneach mná, gan ainm, 25 bliain d'aois, €126 milliún. Ceannaíodh a ticéad ar an Idirlíon.

Chun cur leis an spraoi agus an spleodar a ghabhann le cluichí EuroMillions gealladh pota óir de €100 milliún do gach ceann de dhá chrannchur mí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair.

Bhí roinnt crannchur EuroMillions Plus breise ann le linn na bliana, rud a chinntigh fosaoid bhreise i measc na n imreoirí. Tharla na crannchuir seo sa chuid is mó timpeall ar dheirí seachtaine shaorlaethanta bainc agus saoire. Rinne gach ceann den sé 'Chrannchur Breise' €1 milliún a thairiscint mar bharr-dhuais. Sna cásanna nuair nár buadh an bharr-dhuais, roinneadh an €1 million ar na buaiteoirí ar an gcead leibhéal eile.

Is áthas liom a thuairisciú go raibh an t ádh ar 27 buaiteoir a fuair barr dhuais de €500,000 i EuroMillions Plus le linn 2009 i gcomparáid le 15 buaiteoir i 2008.



# Positive results from Scratch Card and TellyBingo games

## *Torthaí dearfacha ar na cluichí Scríobchártaí agus TellyBingo*

### SCRATCH CARDS

Sales of Scratch Cards in 2009 were €163.8 million, compared to €170.2 million in the previous year. As always, the key to success in this category was the introduction of new and exciting games for players. Alongside our continuing popular games, such as All Cash and Congratulations, 24 new games were launched during the year, including Gravy Train, Quarter Million Cash, Lovely Lolly and Sherlock Holmes. Depending on their preferences, players could choose their own personal favourites from a broad portfolio of entertaining Scratch Card games ranging in price from €1 up to €10.

All Cash Gold was the most popular single Scratch Card with individual sales of €32.8 million, representing 20% of overall Scratch Card sales.

A firm favourite with players since it was launched in 1990, Winning Streak, held its status as Europe's richest and longest running TV Gameshow with players winning €11,065,500 over 40 weeks during 2009. The biggest win was on 28 November when Sean Adair from Castlebar,

### SCRÍOBCHÁRTAÍ

Bhí díolachán de €163.8 milliún ar Scríobchártaí i 2009 i gcomparáid le €170.2 milliún an bhliain roimhe sin. Mar is gnách, b'é tabhairt isteach cluichí nua, spleodracha do na himreoirí ba bhunchúis le rath a bheith ar an gcatagóir seo. Anuas ar ár gcluichí leanúnacha móréilimh, dála All Cash agus Congratulations, seoladh 24 cluiche nua le linn na bliana ar a n áirítear Gravy Train, Quarter Million Cash, Lovely Lolly agus Sherlock Holmes. Ag brath ar an rud a b'fhearr leo féin, bhí na himreoirí ábalta ar rogha a dhéanamh ó phunann leathan de chluichí scríobchartaí a chosain ó €1 go €10.

B'é All Cash Gold an cluiche scríobchárta ba mhó éilimh. Bhí díolachán de €32.8 milliún air, arb ionann é agus 20% de dhíolachán iomlán na scríobchártaí.

Tá Winning Streak mar rogha na coitiantachta i measc na n imreoirí ó chéad seoladh é i 1990 agus choinnigh sé a ghradam mar an seó chluiche is mó airgid agus is fadmharthanaí san Eoraip. Bhain na himreoirí €11,065,500 thar 40 seachtain le linn 2009. Bhí an bua ba mhó ann 28 Samhain nuair a fuair Sean Adair ó Chaisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, €283,500. Buadh 61 saoire agus 34 gluaisteán freisin ar sheó Winning Streak.



Co. Mayo won €283,500. There were also 61 holidays and 34 cars won on the Winning Streak TV Gameshow.

The Big Money Game returned to RTE Television for the summer months and there was a record number of top prize winners over the 13 weeks. The top prize of €250,000 was won four times throughout the series. Early in the season, Sarah Morris, Ashbourne, Co. Meath and Brendan Doyle, Carrickmacross, Co. Monaghan each won the top prize. Then on two consecutive weeks in August there were two further top wins; firstly by Marita Duffy from Dundalk, Co. Louth on 15 August and again the following week by Austin Connole from Ennis, Co. Clare.

In October, 42 winners of the stub feature on the Big Money Scratch Card game travelled to New York on the trip of a lifetime with their guests and €2,500 spending money for each winner. There were 25 further holidays to the value €125,000 and 20 cars worth €315,000 won in the course of the show.

Throughout the year, our players won €104.7 million in prizes on Scratch Card games, ranging from instant wins of €2 to over €250,000 on the TV Gameshow. There were also special feature prizes on offer including shopping vouchers, hampers, Cadbury Roses chocolates, Easter eggs and free tickets.

## TELLYBINGO

Sales of TellyBingo were up 2.4% from €13.9 million in 2008 to €14.3 million in the year under review as this game's popularity increased among its loyal group of players. A total of €10.2 million was won in prizes – an average prize payout level of 71%.

On 25 September, all prizes in TellyBingo were doubled as a special reward for players. An extra €50,000 was added to the TellyBingo Snowball in June and again in August. The biggest Snowball during the year was €100,000 which was shared on 28 August by three winners from Cavan, Offaly and Tipperary. In total, there were 27 Snowball winners and 326 Full House winners during the year.



Model Lynn Kelly launched the Valentine's Day Match 5 promotion where winners on Lotto and Lotto Plus games won €100,000 worth of diamonds along with their regular prizes.

Sheol an mainicín, Lynn Kelly, promóisean Match 5 Lá San Vailintín mar ar ghnóthaigh buaiteoirí chluichí Lotto agus Lotto Plus luach €100,000 de dhiamaint anuas ar a ngnáth-dhuaiseanna.

D'fhill The Big Money Game ar theilifís RTÉ le linn míonna an tsamhraidh agus bhí an líon b'airde fós de bhuaiteoirí barr-dhuaise ann le linn 13 seachtain an chláir. Baineadh an bharr-dhuais de €250,000 ceithre uair le linn na sraithe. Go luath sa séasúr bhuaigh Sarah Morris, Cill Dhéagláin, Co. na Mí agus Brendan Doyle, Carraig Mhachaire Rois, Co Mhuineacháin, araon an bharr-dhuais. Ansin, dhá sheachtain as a chéile buadh dhá bharr-dhuais eile; bhuaigh Marita Duffy ó Dhún Dealgan, Co. Lú, í i dtús báire ar 15 Lúnasa agus an tseachtain dar gcionn bhuaigh Austin Connole ó Inis, Co. an Chláir í.

Mí Dheireadh Fómhair thaisteal 42 buaiteoir den chomhdhuille ar an scríobchárta go Nua Eabhrach ar thuras gan sárú lena n aíonna agus €2,500 d'airgead le caitheamh ag gach duine díobh. Bronnadh 25 saoire bhreise dar luach €125,000 agus 20 gluaisteán dar luach €315,000 le linn an tseó.

Le linn na bliana, bhuaigh ár n imreoirí €104.7 milliún de dhuaiseanna ar chluichí scríobchárta, ó bhuanna meandracha de €2 go dtí €250,000 ar an seó-chluiche. Thairis sin, bhí duaiseanna ar leith ar fáil ar a n-áirítear dearbháin siopadóireachta, ciseacha, seacláidí Roses Cadbury, uibheacha Cásca agus ticéid shaor-in-aisce.

## TELLYBINGO

Bhí méadú 2.4% ar dhíolachán TellyBingo ó €13.9 milliún i 2008 go dtí €14.3 milliún sa bhliain atá faoi chaibidil de réir mar a leathnaigh tarraing an chluiche i measc a dhíorma dílis imreoirí. Buadh iomlán de €10.2 milliún de dhuaiseanna – meán de 71% d'íocaíocht ar dhuaiseanna.

Ar 25 Meán Fómhair dúblaíodh na duaiseanna uile i TellyBingo mar éiric do na himreoirí. Cuireadh €50,000 breise leis an Snowball ar TellyBingo mí an Mheithimh agus arís mí Lúnasa. Bhí an Snowball ba mhó le linn na bliana ann ar 28 Lúnasa - €100,000 – agus roinneadh é ar thriúr arbh as An Cabhán, Uíbh Fhailí agus Tiobraid Árann dóibh. Bhí 27 buaiteoir Snowball agus 326 buaiteoir Full House ann ina n iomláine le linn na bliana.



Winning Streak winner Sean Adair from Castlebar, Co. Mayo pictured with Marty Whelan and Kathryn Thomas after he won €283,500, the show's biggest win of the year.

Buaiteoir Winning Streak, Sean Adair as Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, le Marty Whelan agus Kathryn Thomas tar éis dó €283,500 a bhuachan, an duais ba mhó ar an seó le linn na bliana.

# Millionaire Raffle continues to grow

## *Leanann an Crannchur Millionaire de bheith ag fás*

### MILLIONAIRE RAFFLE

The idea of a limited edition Millionaire Raffle was first introduced in 2008. Such was its success that this game category was further developed in 2009 with a total of four raffles in the year and sales of €25.4 million were achieved.

We started with the New Year's Day Millionaire Raffle draw, followed by our second Millionaire Raffle on the Easter weekend. For the summer Millionaire Raffle the top winning tickets were drawn live on TV at the 50th Rose of Tralee in August. These were limited edition games with 300,000 tickets costing €20 each available. The two top prizes in each game were €1,000,000 with lots of other great cash prizes. These included five prizes of €100,000; 45 of €10,000; 80 of €5,000; 100 of €1,000 and 300 prizes worth €500 each.

For Christmas Millionaire Raffle the game was expanded to include additional features such as early bonus draws, an additional €1million top prize and a bigger prize fund. The draw took place live on RTE TV on New Year's Eve creating three new millionaires – one in Dublin and two in Galway - and hundreds of other prize winners.

### CRANNCHUR MILLIONAIRE

Ba i 2008 a chéad tógadh isteach an smaoineamh ar chrannchur a bheadh ina eagrán teoranta a bheith ann. D'éirigh chomh maith sin leis gur forbraíodh an chatagóir seo cluiche i 2009 agus bhí iomlán de cheithre chrannchur ann sa bhliain. Baineadh amach díolachán de €25.4 milliún.

Thosaíomar an bhliain le Crannchur Millionaire Raffle ar Lá Coille agus leanadh leis lenár dara Millionaire Raffle ag deireadh seachtaine na Cásca. Don Chrannchur Millionaire samhraidh tarraingíodh amach na ticéid barr-dhuaise beo ar an teilifís le linn an 50ú Féile Rós i dTrá Lí mí Lúnasa. Cluichí eagráin theoranta a bhí iontu seo le 300,000 ticéad ar díol a chosain €20 an ceann. Bhí barr dhuaiseanna de €1,000,000 sna cluichí araon agus mórán eile duaiseanna iontacha airgid. Orthusan bhí cúig dhuais ar €100,000; 45 duais ar €10,000; 80 duais ar €5,000; 100 duais ar €1,000 agus 300 duais ar €500 an ceann.

Do Millionaire Raffle na Nollag forbraíodh an cluiche chun gnéithe breise a thabhairt isteach, dála luath-chrannchuir bónais, barr-dhuais bhreise de €1milliun agus duaischiste níos mó. Bhí an crannchur beo ar theilifís RTÉ Oíche na Seanbhliana agus rinneadh millúnaithe de thriúr – duine ó Bhaile Átha Cliath agus beirt ó Ghaillimh. Bhí na céadta eile buaiteoirí ann.

Rosanna McCarthy from Blanchardstown, Dublin was one of five lucky Christmas Millionaire Raffle players to win €100,000 in the draw on New Year's Day 2009. Rosanna celebrated her win at National Lottery offices with family.

Bhí Rosanna McCarthy ó Bhaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath, ar dhuine den chúigear buaiteoir ádhúil i Christmas Millionaire Raffle a bhuaigh €100,000 sa chrannchur ar Lá Caille 2009. Cheiliúr Rosanna a bua in oifigí an Chrannchuir Náisiúnta lena teaghlach.






# Monday Million established as popular game

## *Monday Million ina chluiche móréilimh*

Monday Million presenter Conor Clear and model Jenny Lee Masterson get set for the first ever Monday Million Extra Draw. This draw, which took place on 26 January 2009, offered Monday Million players an extra chance to win €1 million.

Láithreoir Monday Million, Conor Clear agus mainicín, Jenny Lee Masterson, agus iad réidh don chéad chrannchur Monday Million Extra riamh. Thug an crannchur seo, a bhí ann ar 26 Eanáir 2009, deis bhreise do bhuaiteoirí Monday Million €1 milliún a bhuachan.

### MONDAY MILLION

In its first full year of operation, Monday Million achieved sales of €25.4 million. This game was introduced in September 2008 to brighten up Mondays for our players and we were pleased to see it becoming established as a popular Monday night game during 2009. The attraction of the Monday Million game is that players can win €1 million for an outlay of just €1.

Throughout the year, there were promotions on Monday Million designed to build support for this unique game. Special extra draws took place in January, April, May, June, August and December giving players an opportunity to double their chances of winning.

Players won a total of €13.9 million on Monday Million in 2009, with nine winners of the top €1 million prize. These included five Dublin winners; two Cork winners and one each from Mayo and Louth.

### MONDAY MILLION

Le linn a chéad bhliain oibríochta bhain Monday Million amach díolachán de €25.4 milliún. Tógadh an cluiche isteach mí Mheán Fómhair 2008 chun Luanta a ghealladh dár n imreoirí. Bhí áthas orainn é a fheiceáil á bhuanú féin mar chluiche mealltach gach oíche Luain le linn 2009. Is í an tarraingt atá ag Monday Million ná gur féidir le himreoirí €1 milliún a bhuachan ar chaiteachas €1.

Le linn na bliana bhí promóisin ann chun tacaíocht a ghnóthú don chluiche ar leith seo. Bhí crannchuir speisialta ann mí Eanáir, mí Aibreáin, mí an Mheithimh, mí Lúnasa agus mí na Nollag a thug deis d’imreoirí a seansanna ar bhuachan a dhúbailt.

Bhuaigh imreoirí iomlán de €13.9 milliún ar Monday Million le linn 2009 agus bhain naonúr an bharr-dhuais de €1 milliún. Orthusan bhí cúigear buaiteoir ó Bhaile Átha Cliath, beirt ó Chorcaigh agus duine amháin as Maigh Eo agus Lú faoi seach.




Popular Today FM radio presenter Ian Dempsey hosted the first ever All or Nothing draw in National Lottery offices on 8 October 2009. This new daily game gives players the chance to win €500,000 if they match all or no numbers drawn.

D'óstáil an láithreoir raidió mórcháil ó Today FM, Ian Dempsey, an chéad chrannchur All or Nothing riamh in oifigí an Chrannchuir Náisiúnta ar 8 Deireadh Fómhair 2009. Tugann an cluiche laethúil nua seo deis d'imreoirí €500,000 a bhuachan má dhéanann siad a gcuid uimhreacha uile a mheaitseáil nó mura meaitseálann siad aon cheann díobh.

# New games help our performance

## Cuireann Cluichí Nua lenár bhfeidhmíocht

2009 was a very busy year on the new games front. In addition to the extensions of the Plus draws to Lotto 5-4-3-2-1, we launched two completely new games: All or Nothing and Deal or No Deal.

All or Nothing, a new daily game, was launched in early October and has already gained popularity among players generating sales of €3.4 million in less than three months. The game concept is simple with players picking 12 numbers between 1 and 24. They can win €500,000 by matching all 12 numbers drawn or they can win the €500,000 jackpot amount if their selected numbers match none of the numbers drawn.

Players can also match numbers in four other prize categories to win amounts varying from €4 to €5,000. The prize pay-out level on All or Nothing is 61% and, since its launch towards the end of the year, lucky players have shared €2.1 million in prizes. Already, we have had two top winners – one who matched all 12 numbers correctly and one who matched none of the numbers. Each won €500,000. The winner of the match nothing prize bought the ticket in Lucan, Co. Dublin and it was the first time in the history of the National Lottery that we paid out a prize to someone who won a jackpot by matching none of the numbers! There were also 89 winners of the €5,000 prize to the end of 2009.

Towards the end of the year, a 20 week series of the internationally popular TV Gameshow Deal or No Deal was brought to Ireland by the National Lottery. In an innovative development, players could gain entry to the TV Gameshow exclusively through the National Lottery's Deal or No Deal Scratch Card.

Entertainer Keith Barry hosted the Irish version of the exciting TV Gameshow, under licence from Endemol. Each week, one lucky player takes on the infamous Banker for the opportunity to win up to €250,000. The highest win in 2009 was €89,000 won by Hannah O'Connor from Galway.

This game went on air on TV3 in November and continues up to March 2010. Viewership numbers were 402,000 for the first night of the new TV Gameshow on 13 November 2009.

Bliain an-ghnóthach ba ea 2009 ó thaobh cluichí de. Chomh maith leis na crannchuir Plus a chur le Lotto 5-4-3-2-1, sheolamar dhá chluiche úrnua: All or Nothing agus Deal or No Deal.

Cluiche laethúil nua é All or Nothing a seoladh go luath i mí Dheireadh Fómhair agus cheana féin tá sé tar éis imreoirí a mhealladh chuige féin agus díolachán de €3.4 milliún a ghiniúint i níos lú ná trí mhí. Coincheap simplí atá taobh thiar den chluiche agus roghnaíonn na himreoirí 12 uimhir idir 1 agus 24. Tig leo €500,000 a bhuachan tríd an 12 uimhir a tharraingítear a mheaitseáil nó tig leo an pota óir a bhuachan mura meaitseálann a n uimhreacha aon cheann de na huimhreacha a tharraingítear.

Tig le himreoirí uimhreacha a mheaitseáil i gceithre dhuais-chatagóir eile agus suimeanna idir €4 agus €5,000 a bhuachan. Leibhéal íocaíocht duaise de 61% atá ar All or Nothing agus ó seoladh é faoi dheireadh na bliana roinneadh €2.1 milliún ar imreoirí ádhúla. Cheana féin bhí beirt bhuaiteoir barr-dhuaise againn – duine amháin a mheaitseáil gach ceann den 12 uimhir agus duine eile nár mheaitseáil aon cheann díobh. Bhuaigh gach duine díobh €500,000. Cheannaigh buaiteoir na duaise match nothing an ticéad i Leamhcán Co. Bhaile Átha Cliath. B'in an chéad uair i stair an Chrannchuir Náisiúnta gur dhíolamar duais le duine a bhuaigh pota óir agus gan aon uimhir dá chuid ag meaitseáil! Chomh maith leis sin, bhuaigh 89 duine duais de €5,000 faoi dheireadh 2009.

I dtreo dheireadh na bliana thóg an Crannchur Náisiúnta sraith 20 seachtain den seó-chluiche teilifíse, Deal or No Deal, go hÉirinn – cluiche a bhfuil éileamh air go hidirnáisiúnta. Mar thoradh ar chinnneadh nuálaíoch, socraíodh gur trí scríobchárta Deal or No Deal an Chrannchuir Náisiúnta amháin a fhéadfadh imreoirí fáil isteach sa seó-chluiche teilifíse.

Ba é an t oirfideach, Keith Barry, a chuir an leagan Éireannach den seó-chluiche teilifíse suaithinseach i láthair faoi cheadúnas ó Endemol. Gach seachtain tugann imreoir ádhúil éigin dúshlán an Bhaincéara mhíchlúitigh féachaint le €250,000 a bhuachan. B'í Hannah O'Connor ó Ghaillimh a bhain an duais a b'airde i 2009 - €89,000.

Tháinig an cluiche seo ar an aer ar TV3 mí na Samhna agus leanfaidh sé air go dtí mí an Mhárta 2010. Bhí an lucht féachana de 402,000 duine ann an chéad oíche den seó-chluiche nua teilifíse ar 13 Samhain 2009.

# Our new Play Online facility broadens our player base

## *An Crannchur Náisiúnta á imirt ar Líne*

In March 2009, the National Lottery took the strategically important step of providing players with the opportunity to play its key games online. The popular draw games and instant win games are now all available online once players complete the registration process.

Lotto, Lotto Plus and EuroMillions, together with instant win games – Blackjack, Bingo, Angels & Devils, Spin to Win and Suit Pursuit – can now be played from the comfort of players' homes.

Our online player base is growing steadily as more people become aware of the convenient option of playing National Lottery games over the internet. Since we introduced this facility, 6,000 players have generated €744,000 in revenue and we expect that this channel will be a significant source of growth in the future.

We took time to ensure that these new games were introduced in a way that is secure and appropriate for the Irish market. As with all National Lottery games, proper system facilities and security checks are in place to safeguard our players and guarantee the integrity, credibility and fairness which are the hallmarks of our business.

Mí an Mhárta 2009, ghlac an Crannchur Náisiúnta céim straitéiseach nuair a cuireadh deis ar fáil do na himreoirí a n eochair-chluichí a imirt ar líne. Tá fáil anois ar na cluichí crannchuir móréilimh agus ar na cluichí tob-bhua ar líne ach na himreoirí an próiseas cláraithe a chríochnú.

Is féidir anois Lotto, Lotto Plus agus EuroMillions, chomh maith leis na cluichí tob-bhua – Blackjack, Bingo, Angels & Devils, Spin to Win agus Suit Pursuit – a imirt agus na himreoirí go compordach is go cluthar ag baile.

Tá líon na n imreoirí ar líne ag fás go réidh de réir mar a chuireann níos mó daoine eolas ar an rogha áisiúil cluichí seo, an Chrannchur Náisiúnta a imirt ar an idirlíon. Ó chuireamar an áis seo iar fáil tá 6,000 imreoir tar éis €744,000 de theacht isteach a ghiniúint agus táimid ag súil go mbeidh an cainéal seo ina fhoinse shuntasach fáis sa todhchaí.

Ghlacamar ár gcuid ama le cinntiú gur tógadh isteach na cluichí úra seo ar dhóigh a bhí slán agus in oiriúint do mhargadh na hÉireann. Dála cluichí uile an Chrannchuir Náisiúnta, tá saoráidí cearta córais agus seiceálacha slándála i bhfeidhm chun ár n imreoirí a chosaint agus sláine, inchreidteacht agus cothroime, ar sainmharcanna ár ngnó iad, a chinntiú.






During the year Derek Mooney visited some of the National Lottery's 3,794 agents around the country. He is pictured here with members of staff from Paper Chase in Galway.

Le linn na bliana thug Derek Mooney cuairt ar chuid de 3,794 gníomhaire an Chrannchuir Náisiúnta mórthimpeall na tíre. Is le cuid d'fhoireann Paper Chase i nGaillimh atá sé sa ghrianghraf seo.

# Managing our business

## *Ag Bainistiú ár nGnó*

Total operating costs were reduced by €4.1 million to 13.9% of sales, despite a very busy year in terms of the extension of our games portfolio and related draw activities.

These costs included agents' commissions of €50.9 million and other costs of sales of €39.6 million. A significant portion of our costs relates to technical network facilities, and I am pleased to report that these costs were reduced by 10% to €19.7 million, or 2.4% of turnover, in 2009. Administrative costs for the year were €19.7 million, representing 2.4% of total sales.

In marketing, we continue to benefit from our fully integrated new corporate identity as the star branding symbol presents a coordinated image and, at the same time, allows the flexibility to add new games to the portfolio.

Our retail network was expanded to 3,794 agents compared to 3,675 in 2008. I would like to thank all our agents for their continued support. Throughout the year, we maintained a strong focus on increasing our in-store presence - testing new promotional initiatives such as the use of digital display screens to communicate National Lottery information. We also continued the roll out of electronic ticket checkers to all full Lotto agents. Over 2,000 ticket checkers have now been installed for the convenience and security of our players and we plan to have these handy devices in all agent stores by the end of 2010.

The introduction of a daily draw in October added a significant amount of activity across all levels of our operations, including evenings, weekends and bank holidays. Throughout 2009, we had a total of 858 individual draws and we now have 20 regular draws per week. As a result, the

Bhí laghdú €4.1 milliún ar na costais oibríochta go dtí 13.9% den díolachán siúd is gur bhliain an-ghnóthach a bhí ann maidir le cur lenár punann cluichí agus imeachtaí gaolmhara crannchuir.

Cuimsíodh coimisiúin de €50.9 milliún do na gníomhairí agus costais eile de €39.6 milliún, a ghabh le díolachán, sna costais seo. Baineann cuid shuntasach d'ár gcostais le saoráidí an líonra teicniúil, agus is áthas liom a thuairisciú go raibh laghdú 10% go dtí €19.7 milliún ar na costais seo, go dtí 2.4% den láimhdeachas, le linn 2009. Bhí costais riaracháin de €19.7 milliún ann don bhliain arbh ionann iad agus 2.4% den díolachán iomlán.

Ó thaobh margaíochta de, leanaimid de bheith ag baint tairbhe as ár sainaitheantas nua corparáideach lán-chomhtháite. Cruthaíonn siombail bhranda an réalta íomhá comhordaithe agus, ag an am céanna, soláthraíonn sí an tsolúbthacht chun cluichí nua a chur leis an bpunann.

Cuireadh lenár líonra miondíola go dtí 3,794 ó 3,675 gníomhaire i 2008. Ba dheas liom buíochas a ghabháil lenár ngníomhairí go léir as a dtacaíocht leanúnach. Le linn na bliana choimeádamar ár bhfócas ar ár láithreacht sa tsiopa. Thástálamar tionscnaimh nua promóisin, dála úsáid a bhaint as scáileáin taispeána digiteacha chun eolas faoin gCrannchur Náisiúnta a thabhairt. Leanamar freisin de mheaisíní seiceála leictreonacha a dháileadh ar ár ngníomhairí iomlána Lotto uile. Tá os cionn 2,000 de na meaisíní seiceála ticéad seo suiteáilte againn mar áis dár n imreoirí agus ar mhaithe le slándáil. Tá rún againn na gléasanna áisiúla seo a bheith i siopaí ár ngníomhairí ar fad faoi dheireadh 2010.





Tom Heavey from Mc Donnell's Centra, Hardman's Gardens, Drogheda was in the news during the year when he tracked down the lucky owner of a €350,000 winning Lotto ticket left behind in the shop.

Bhí Tom Heavey ó shiopa Mc Donnell's Centra, Gairdíní Hearman, Droichead Átha, i mbéal na ndaoine le linn na bliana nuair a d'aimsigh sé an duine ádhúil arbh leis an ticéad Lotto, a bhuaigh €350,000, ach a bhí fágtha ina dhiaidh aige sa tsiopa.

number of individual transactions handled by the National Lottery also increased significantly, to over 280 million in 2009 from 272 million in the previous year.

I would like to thank everyone working in the National Lottery for their commitment throughout 2009. In particular, I would like to note the sudden death of our Head of Finance, Noel Browne who had worked with the National Lottery since its inception in 1987. He played an invaluable role in the development of the business and is sadly missed by his colleagues.

Given the general economic environment, it was a difficult year but hard work and creativity meant that we achieved our objectives in developing the business and delivering a significant surplus for good causes.

Chuir tabhairt isteach chrannchuir laethúil i mí Dheireadh Fómhair go suntasach le gníomhaíocht ar gach leibhéal oibríochta – tráthnónta, deirí seachtaine agus saorlaethanta bainc san áireamh. Le linn 2009 bhí 858 crannchur ar leith againn agus anois bíonn 20 crannchur againn go rialta gach seachtain. Mar thoradh air seo, tá líon na n idirbhearta aonair méadaithe go suntasach go dtí 280 milliún i 2009 ó 272 milliún an bhliain roimhe sin.

Ba dheas liom buíochas a ghabháil leis na daoine go léir atá ag obair leis an gCrannchur Náisiúnta as a dtiomantas le linn 2009. Ba mhaith liom, ach go háirithe, bás tobann Noel Browne, ár gCeannasaí Airgeadais, a lua. D'oibrigh sé leis an gCrannchur Náisiúnta ó bunaíodh é i 1987. Ghlac sé páirt fhíor-thábhachtach i bhforbairt an ghnó agus braithfidh a chomhghleacaithe uathu go mór é.

Ba bhliain dheacair í ag cur san áireamh an timpeallacht ghinearálta eacnamaíoch. Ach, a bhuíochas le cruashaothar agus le cruthaitheacht, bhaineamar ár n aidhmeanna amach chun an gnó a fhorbairt agus ag seachadadh farasbairr shuntasaigh ar mhaithe le deachúiseanna.

# Our team

## *Ár bhFoireann*

During the year there was a substantial increase in business activity. Our staff numbers increased from 92 to 99 in order to support the increased number of games, draws and transactions as our operations expanded.

Le linn na bliana bhí méadú substaintiúil ar ghníomhaíocht ghnó. Mhéadaigh líon ár bhfoirne ó 92 go 99 chun tacú le líon méadaithe na gcluichí, na gcrannchur agus na n-idirbhearta de réir mar a d'fhorbair ár n-oibríochtaí.





# Why our sponsorship is important to us

## *An fáth gur tábhachtach linn ár n-urraíocht*

We were delighted to again sponsor SkyFest, in partnership with the St Patrick's Festival in 2009. This spectacular fireworks and musical extravaganza took place on Waterford's historic quayside on Saturday, 14 March and was broadcast live on RTE television.

As part of the celebration, an extra €2 million was added to the Lotto jackpot that night and the live draw took place outdoors on the quayside in Waterford. Over 40,000 people attended to witness a live performance by Kila, followed by an incredible pyro-musical show where dazzling colours and explosive effects were choreographed to a customised soundtrack.

On New Year's Eve, we sponsored a special Celebrity Winning Streak TV Gameshow where Sharon Corr, Jon Kenny, Daniel O'Donnell, Clelia Murphy and Henry Shefflin all participated. Between them, they won €194,000 for their chosen charities.

Bhí áthas orainn urraíocht a dhéanamh athuair ar SkyFest 2009 i bpáirt le lucht ceiliúrtha na Féile Phádraig. Bhí an seó mór tine ealaíne agus ceoil seo ann ar ché stairiúil Phort Láirge Dé Sathairn, 14 Márta, agus craoladh beo é ar theilifís RTÉ.

Mar chuid den cheiliúradh cuireadh €2 milliún breise le pota óir an Lotto an oíche sin agus bhí crannchur beo faoin aer ann ar ché Phort Láirge. D'fhreastal os cionn 40,000 duine chun seó beo le Kila a fheiceáil. Leanadh ansin le seó dochreidte pirea-cheoil mar a cóiréagrafaíodh dathanna agus iarmhairtí pléascacha a bhí curtha in oiriúint do fhuaimrian.

Oíche na Seanbhliana rinneamar urraíocht ar sheó-chluiche teilifíse Winning Streak le ceiliúráin inar ghlac Sharon Corr, Jon Kenny, Daniel O'Donnell, Clelia Murphy agus Henry Shefflin páirt. Idir eatarthu bhuaigh siad €194,000 dá rogha carthanachtaí.

# How National Lottery funds help good causes

## *Mar a thacaíonn cistí an Chrannchuir Náisiúnta le dea-chúiseanna*

The National Lottery's mission is to operate a world class lottery raising funds for good causes on behalf of the Government and we are proud to have delivered on this again in 2009, raising €263.5 million. Since the National Lottery was launched, over €3.4 billion has been raised for good causes with 32% of all National Lottery sales funding beneficiary projects around the country. This level of funding has made a significant difference to communities, projects and individuals in the areas of Youth, Sports, Recreation & Amenities; Health & Welfare; Arts, Culture & National Heritage and the Irish Language.

During 2009, we continued to highlight the level and positive impact of funds raised. In this regard, we were pleased to demonstrate the difference that National Lottery funds make through the inclusion of a selection of the many worthwhile projects on the weekly TV Gameshows on RTE.

Tá mar mhisean ag an gCrannchur Náisiúnta crannchur ar chaighdeán domhanda a eagrú chun airgead a chruinniú do dhea-chúiseanna thar ceann an Rialtais agus is ábhar bróid dúinn gur éirigh linn athuair é sin a bhaint amach i 2009 nuair a ghnóthaíomar €263.5 milliún. Ó seoladh an Crannchur Náisiúnta gnóthaíodh os cionn €3.4 billiún do dhea-chúiseanna agus caitear 32% de dhíolachán an Chrannchuir Náisiúnta chun tionscadail a mhaoiniú ar dud na tíre. Tá an leibhéal seo maoinithe tar éis difríocht shuntasach a dhéanamh do phobail, do thionscadail agus do dhaoine aonair i réimsí mar an Óige; Spórt; Fóillíocht & Áiseanna; Sláinte & Leas; na hEalaíona, Cultúr & Oidhreacht Náisiúnta agus an Ghaeilge.

Le linn 2009 leanamar orainn ag aibhsiú leibhéal agus dea-éifeacht an airgid a cruinníodh. Chun na críche seo, bhí áthas orainn an difríocht a rinne airgead an Chrannchuir Náisiúnta a léiriú trí rogha tionscadal fiúntacha a thaispeáint ar ár seó-chluichí teilifíse seachtainiúla ar RTÉ.

***We generate funds for good causes throughout Ireland in the areas of YOUTH, SPORT, RECREATION, AMENITIES, HEALTH & WELFARE, ARTS, CULTURE, NATIONAL HERITAGE AND IRISH LANGUAGE as highlighted below.***

- DEVELOPMENT OF SPORT & RECREATIONAL SPORTS FACILITIES
- IRISH SPORTS COUNCIL GRANTS
- ARTS COUNCIL GRANTS
- FUND FOR COMMUNAL FACILITIES IN VOLUNTARY HOUSING SCHEMES
- ARCHAEOLOGY
- ARCHITECTURE RESEARCH
- BIODIVERSITY
- BUILDINGS AT RISK
- LOCAL HERITAGE
- MUSEUMS
- PUBLICATIONS
- WILDLIFE
- GRANTS TO HEALTH AGENCIES AND OTHER SIMILAR ORGANISATIONS
- SERVICES FOR THE ELDERLY
- SERVICES FOR THE MENTALLY HANDICAPPED
- CHILD CARE SERVICES
- PUBLIC HEALTH SERVICES
- PHYSICAL HANDICAP SERVICES
- HEALTH PROMOTION
- BUILDING, EQUIPPING AND FURNISHING OF HEALTH FACILITIES
- IRISH LANGUAGE
- FUND FOR THIRD LEVEL INSTITUTIONS OVERSEAS
- GRANTS TO COLLEGES PROVIDING COURSES IN IRISH LANGUAGE
- PUBLICATIONS IN IRISH
- FUND FOR CULTURAL, SCIENTIFIC AND EDUCATIONAL ORGANISATIONS
- YOUTH GRANTS

***Ginimid cistí do dheachúiseanna ar fud na hÉireann i réimsí mar AN ÓIGE, SPÓRT, CAITHEAMH AIMSIRE, ÁISEANNA, SLÁINTE & LEAS SÓISIALTA, NA HEALAÍONA, CULTÚR, OIDREACHT NÁISIÚNTA AGUS AN GHAEILGE mar atá aibhsithe thíos.***

- FORBAIRT SPÓIRT & ÁISEANNA SPÓIRT MAR CHAITHEAMH AIMSIRE
- DEONTAIS CHOMHAIRLE SPÓIRT NA HÉIREANN
- DEONTAIS NA COMHAIRLE EALAÍON
- AN CISTE D'ÁISEANNA POBAIL I SCÉIMEANNA DEONACHA TITHÍOCHTA
- SEANDÁLAÍOCHT
- TAIGHDE AILTIREACHTA
- BITHÉAGSÚLACHT
- FOIRGNIMH I MBAOL
- OIDHREACHT ÁITIÚIL
- IARSMALANNA
- FOILSEACHÁIN
- FIADHÚLRA
- DEONTAIS D'ÁISÍNEACHTAÍ SLÁINTE AGUS D'EAGRAÍOCHTAÍ DÁ SHÓRT
- SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE AOSTA
- SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE MEABHAIRÉALANGACHA
- SEIRBHÍSÍ CHÚRAM LEANAÍ
- SEIRBHÍSÍ POIBLÍ SLÁINTE
- SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE ÉAGUMASACHA
- CUR CHUN CINN SLÁINTE
- TÓGÁIL, TREALMHÚ AGUS FEARASTÚ ÁISEANNA SLÁINTE
- AN GHAEILGE
- CISTE D'INSTITIÚIDÍ TRÍÚ LEIBHÉIL THAR LEAR
- DEONTAIS DO CHOLÁISTÍ A SHOLÁTHRAÍONN CÚRSAÍ I NGAEILGE
- FOILSEACHÁIN I NGAEILGE
- CISTE D'EAGRAÍOCHTAÍ CULTÚRTHA, EOLAÍOCHTA AGUS OIDEACHAIS
- DEONTAIS DON ÓIGE

# Just some of the good causes which have benefitted from National Lottery funding

## *Cuid éigin de na dea-chúiseanna a bhain tairbhe as cistí an Chrannchuir Náisiúnta*

## Health & Welfare

## *Sláinte & Leas Sóisialta*

### The Children's Sunshine Home

The Children's Sunshine Home provides care for children with life-limiting illnesses and their families, and offers end-of-life care. It also provides trained caring staff for home support, crisis care and after care. Construction on Ireland's first children's hospice, LauraLynn House, has already begun on the grounds of the Children's Sunshine Home in Leopardstown Co. Dublin. When it opens in 2011, the LauraLynn Children's Hospice will bring care and support to more children and their families.

In 2009, the Children's Sunshine Home received €128,000 in National Lottery funding towards the cost of construction of children's accommodation which will also be used for the LauraLynn Hospice.

### The Children's Sunshine Home

Soláthraíonn an Children's Sunshine Home cúram do leanaí, a bhfuil teorainn curtha lena mbeatha ag tinnis, agus dá dteaghlaigh agus cuireann sé cúram dheireadh saoil ar fáil freisin. Thairis sin, soláthraíonn sé foireann oilte cúraim, mar thaca ag baile, do chúram aothaithe agus d'iar-chúram. Tá tús curtha le tógáil na chéad ospíse do leanaí in Éirinn, LauraLynn House, ar thailte an Children's Sunshine Home ag Baile na Lobhar, Co. Bhaile Átha Cliath. Nuair a osclóidh sí i 2011 cuirfidh Ospís Leanaí LauraLynn seirbhísí cúraim agus tacaíochta ar fáil do níos mó páistí is dá dteaghlaigh.

I 2009, fuair an Children's Sunshine Home suim de €128,000 ó chiste an Chrannchuir Náisiúnta i leith na gcostas tógála a bhain le cóiríocht a chur ar fáil do leanaí agus úsáidfear í chomh maith d'Ospís LauraLynn.

## Irish Language

## *An Ghaeilge*

### Conradh na Gaeilge

Conradh na Gaeilge promotes the Irish language in Ireland and abroad, through over 200 branches and many individual members, working with other community groups and Irish language organisations to promote language rights in every aspect of everyday life. Its national network of classes and conversation circles helps language learners across Ireland, and the organisation encourages young people to use the Irish language through their summer college road show, school workshops and events in third-level colleges.

In 2009, Conradh na Gaeilge received €236,686 towards the development of its headquarters as a centre for the Irish language through the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, which is part-funded by the National Lottery.

### Conradh na Gaeilge

Cuireann Conradh na Gaeilge an Ghaeilge chun cinn sa bhaile in Éirinn agus i gcéin trína 200 éigin craobh agus líon mór de bhaill aonair. Oibríonn sé le grúpaí eile pobail agus le heagraíochtaí Gaeilge chun cearta teanga a chur chun cinn i ngach gné den ghnáthshaol. Cabhraíonn a líonra ranganna agus ciorcal comhrá ar fud na hÉireann le foghlaimeoirí teanga agus spreagann an eagraíocht daoine óga chun an Ghaeilge a úsáid trína sheó bóthair do na coláistí samhraidh, trí shaotharlanna scoile agus trí imeachtaí i gcoláistí tríú leibhéil.

I 2009, fuair Conradh na Gaeilge €236,686 i leith chostas forbartha a cheannárais mar lárionad Gaeilge tríd an Roinn Gnóthaí Pobail,Tuaithe agus Gaeltachta, atá páirt-mhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta.












## Youth, Sport, Recreation, Amenities

## *An Óige, Spórt, Caitheamh Aimsire agus Áiseanna*

**Paul Hession**

Paul Hession is regarded as one of Ireland's most successful international track and field athletes. Paul specialises in the 200 metres sprint and set four Irish national records at 100 and 200 metres in 2007. He was a 200 metre silver medalist in the 2008 IAAF World Athletics Final and competed at the 2008 Summer Olympics in Beijing, only narrowly missing out on a place in the final. Paul is one of the many Irish athletes who receive funding and support from the High Performance Carding Scheme, administered by the Irish Sports Council and part-funded by the National Lottery.

In 2009, under this scheme, Ireland's elite athletes received €2.5 million in grant aid.

**Paul Hession**

Áirítear Paul Hession mar dhuine le na lúthchleasaithe raoin agus páirce Éireannacha is fearr a bhfuil éirithe leis. Is í an ráib 200 méadar is fearr le Paul agus ghnóthaigh sé ceithre churiarracht Éireannach ar 100 méadar agus ar 200 méadar i 2007. Bhuaigh sé bonn airgid sa ráib 200 méadar i gCluiche Ceannais Domhanda an IAAF i 2008, ghlac sé páirt sna hOilimpeachaí Samhraidh i mBéising agus ba dhóbair dó áit a bhaint amach sa chluiche ceannais. Tá Paul ar dhuine den iliomad lúthchleasaí a fhaigheann maoiniú ón High Performance Carding Scheme a riarann an Chomhairle Spóirt agus atá páirt-mhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta.

Fuair scoth lúthchleasaithe na hÉireann €2.5 milliun i bhfoirm deontais faoin scéim seo i 2009.

## Arts, Culture, National Heritage

## *Na hEalaíona, Cultúr, Oidhreacht Náisiúnta*

**Abbey Theatre**

Originally founded by W.B. Yeats and Lady Augusta Gregory, in 1925 the Abbey Theatre became the first ever state-subsidised theatre in the English speaking world. It celebrated its centenary in 2005 with an imaginative programme of work, and the National Lottery, through a specially designed sponsorship, brought 5,000 post-primary students from all over Ireland to the Abbey Theatre in Dublin.

The Abbey Theatre now receives an annual grant from the Arts Council of Ireland, which is part-funded by the National Lottery.

**Amharclann na Mainistreach**

B'iad W.B. Yeats agus Lady Augusta Gregory a chéad-bhunaigh Amharclann na Mainistreach i 1925 agus bhí sí ar an gcéad amharclann i ndomhan an Bhéarla a fuair maoiniú stáit. Bhí a comóradh céad bliain aici i 2005 agus cheiliúir sí an ócáid le clár samhailteach oibre. A bhuíochas do scéim urraíochta a ceapadh d'aon ghnó chun na hócáide, thóg an Crannchur Náisiúnta 5,000 mac léinn iarbhunscoile ó gach cearn in Éirinn go dtí Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath.

Faigheann Amharclann na Mainistreach deontas bliantúil anois ón gComhairle Ealaíon, atá páirt mhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta.


lay here
National Lottery
Could this be
your lucky day?

# Our objectives for the future

## *Ár n-aidhmeanna don am atá le teacht*



Having concentrated on extending our portfolio of games over the last number of years, our strategy for the coming years will be to promote the various benefits of these games to existing and new players.

A key area for continued development will be our internet based games where we intend to expand the number and range of games available to our players. We see this as a strong growth area in keeping with the general uptake of digital communications and expectations of today's generation of players. This should allow us to grow the overall market for our games.

In the retail sector, digital screens displaying game information will be extended to more agents in the next two years. We are also working with our EuroMillions partners to enhance this game and we will be involved in the development of plans for Ireland's inclusion in a World Lottery game which we expect will be launched in 2012.

In summary, we aim to bring our National Lottery games to a new generation of players and, in doing so, build on the €3.4 billion raised for good causes to date.

Tar éis dúinn díriú le blianta beaga anuas ar ár bpunann cluichí a leathnú, beidh mar straitéis againn sna blianta atá romhainn amach buntáistí éagsúla na gcluichí seo d'imreoirí reatha agus nua a léiriú.

Beidh ár gcluichí idirlín mar chuid lárnach d'ár bhforbairt agus teastaíonn uainn cur le líon agus le raon na gcluichí atá ar fáil d'ár n imreoirí. Feicimid é seo mar réimse lárnach fáis a bheidh ag teacht le húsáid modhanna cumarsáide digiteacha agus le hionchais ghlúin imreoirí an lae inniu. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo ar ár gcumas an margadh iomlán d'ár gcluichí a fhás.

In earnáil na miondíola, cuirfear scáileáin digiteacha, a thaispeánfaidh eolas i dtaobh na gcluichí, ar fáil do níos mó gníomhairí i sa chéad dá bhliain eile. Táimid ag saothrú lenár bpáirtithe i EuroMillions chun an cluiche a fheabhsú agus beidh lámh againn i bpleananna le go mbeadh Éire páirteach i gcluiche Crannchuir Domhanda, a sheolfar, dar linn, i 2012.

Go hachoimre, tá sé mar rún againn ár gcluichí Chrannchur Náisiúnta a chur faoi bhráid ghlún nua imreoirí agus, lena chois sin, tógáil ar an suim €3.4 billiún a tuilleadh do dheachúiseanna go dáta.

**Dermot Griffin**
Chief Executive, 23 February 2010
Príomhfheidhmeannach, 23 Feabhra 2010

# BOARD OF DIRECTORS
# AN BORD STIÚRTHA



**Donal Connell,** C.Eng., F.I.E.I., B.E.

| | |
|---|---|
| *Chairman – 2* | *Cathaoirleach – 2* |
| *Age 56* | *Aois 56* |
| *Appointed on 6 November 2008; second term* | *Ceaptha 6 Samhain 2008; an dara téarma* |

Mr. Connell is Chief Executive of An Post, having been appointed to that position in August 2006. He began his career in the Department of Post and Telegraphs and has held senior management positions in Unitrode Ireland, 3Com Ireland and Maxtor Ireland where he was General Manager prior to joining An Post. He is an executive director of An Post and a non-executive director of Xilinx Corporation's European Board and of Postbank Ireland Limited.

Is é Donal Connell Príomhfheidhmeannach an Phoist. Ceapadh é sa phost sin mí Lúnasa 2006. Thosaigh sé a shaolré oibre sa Roinn Poist agus Teileagraf agus bhí poist bhainistíochta shinsearacha aige in Unitrode Ireland, 3Com Ireland agus Maxtor Ireland, áit a raibh sé ina Bhainisteoir Ginearálta sula ndeachaigh sé isteach in An Post. Stiúrthóir feidhmiúcháin é ar An Post agus is stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin é ar Bhord Eorpach Xilinx Corporation agus Postbank Ireland Limited.



**Dermot Griffin,** B.Comm., F.C.C.A.

| | |
|---|---|
| *Director* | *Stiúrthóir* |
| *Age 47* | *Aois 47* |
| *Appointed 6 November 2009; third term* | *Ceaptha 6 Samhain 2009, tríú téarma* |

Mr. Griffin joined An Post National Lottery Company in June 2005 as Chief Operating Officer and he was appointed as Chief Executive in June 2006. He joined the Company from Vodafone Ireland where he was Commercial Director, having previously held the positions of Business Development Director and Finance Director in that company. He commenced his career with KPMG, Chartered Accountants. He is a non-executive director of Services Aux Loteries En Europe which manages the EuroMillions game.

Chuaigh Dermot Griffin isteach i gComhlacht Chrannchur an Phoist mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin mí an Mheithimh 2005 agus ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach mí an Mheithimh 2006. Tháinig sé isteach sa Chomhlacht ó Vodafone Ireland, áit a raibh sé ina Stiúrthóir Tráchtála tar éis dó bheith ina Stiúrthóir Forbartha Gnó agus ina Stiúrthóir Airgeadais roimhe sin ag an gcuideachta úd. Thosaigh sé a shaolré oibre le KPMG, Cuntasóirí Cairte. Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin é ar Services Aux Loteries En Europe a ritheann an cluiche EuroMillions.



**Micheál Ó Muircheartaigh,**
N.T., BA., B.Comm., H.D.E., D.P.A.

| | |
|---|---|
| *Director – 1,2* | *Stiúrthóir – 1,2* |
| *Age 79* | *Aois 79* |
| *Appointed 6 November 2009; sixth term* | *Ceaptha 6 Samhain 2009; séú téarma* |

Mr. Ó Murcheartaigh is a sports' commentator with RTE since 1949 and a sports' journalist for a number of years. He is a founder member of Gaelscoil Oilibhéir serving the Blanchardstown / Clonsilla / Castleknock area of Dublin and acted as Chairman of that school board for three terms. He has served as President of Gaelscoileanna, the national organisation for Irish-medium schools and he was a member of Bord Na Gaeilge for nine years and Chairman for seven. He recently retired from the Board of Guaranteed Irish after nine years as Chairman.

Tá Micheál Ó Muircheartaigh ina thráchtaire spóirt le RTÉ ó 1949 i leith agus is iriseoir spóirt é le tamall de bhlianta anuas. Duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Oilibhéir é, scoil a fhreastalaíonn ar cheantar Bhaile Bhlainséir/Chluain Saileach/Chaisleán Cnucha i mBaile Átha Cliath, agus chaith sé trí théarma mar Chathaoirleach ar bhord na scoile. Bhí sé ina Uachtarán ar Ghaelscoileanna, an eagraíocht náisiúnta do scoileanna lán-Ghaeilge. Ba chomhalta é de chuid Bhord na Gaeilge ar feadh naoi mbliana agus é ina Chathaoirleach air ar feadh seacht mbliana. D'éirigh sé as Bord Guaranteed Irish le déanaí tar éis dó bheith ina Chathaoirleach ar feadh naoi mbliana.



**Niamh McGowan,** B.Comm., Dip. Pers. Mgmt., Dip. Empt. Law, Dip. Legal Studies, BL

| | |
|---|---|
| *Director – 1,2* | *Stiúrthóir, 1-2* |
| *Age 43* | *Aois 43* |
| *Appointed 6 November 2007; fourth term* | *Ceaptha 6 Samhain 2007; ceathrú téarma* |

Ms. McGowan is a practising barrister specialising in employment, labour and equality law. She also works as a Human Resource Management consultant and she is an elected member of Meath County Council. Prior to joining the legal profession, she worked at Chief Executive level within the Jefferson Smurfit Group, having joined the organisation straight from university in October 1986.

Cleachtann Niamh McGowan mar abhcóide agus sainspéis aici i ndlí fostaíochta, oibre agus comhionannais. Oibríonn sí chomh maith mar chomhairleoir i mBainistíocht Acmhainní Daonna. Ball tofa í ar Chomhairle Chontae na Mí. Roimh dhul le dlí di d'oibrigh sí ar leibhéal Príomhfheidhmeannaigh taobh istigh de Ghrúpa Jefferson Smurfit, eagraíocht a ndeachaigh sí isteach inti díreach ón ollscoil mí Dheireadh Fómhair 1986.



**James Hyland,** B.Comm., F.C.A., F.C.I.S.

| | |
|---|---|
| *Director – 1* | *Stiúrthóir – 1* |
| *Age 74* | *Aois 74* |
| *Appointed 6 November 2008; third term* | *Ceaptha 6 Samhain 2008; tríú téarma* |

Mr. Hyland, a chartered accountant, is former Deputy Chief Executive of Golden Vale Group and former Group Chief Executive of Youghal Carpets plc. He was Managing Director of James Hyland & Company, Forensic Accountants, and a partner in Hyland Johnson Murray, Chartered Accountants. He is chairman or director of a number of other companies, including An Post.

Cuntasóir Cairte é James Hyland, a bhí ina Leas-Phríomhfheidhmeannach ar Ghrúpa Golden Vale agus ina Ghrúp-Phríomhfheidhmeannach ar Youghal Carpets plc. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar James Hyland & Company, Cuntasóirí Fóiréinseacha, agus ina chomhpháirtí i Hyland Johnson Murray, Cuntasóirí Cairte. Tá sé ina chathaoirleach nó ina stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí eile, An Post, san áireamh.



**Barbara Patton,** F.M.I.I., M.B.S.

| | |
|---|---|
| *Director* | *Stiúrthóir* |
| *Age 49* | *Aois 49* |
| *Appointed 4 December 2008; second term* | *Ceaptha 4 Nollaig 2008; dara téarma* |

Ms. Patton manages a marketing consultancy specialising in business coaching and brand management and has been involved in marketing for over 20 years. Between 1990 and 2000, she held senior management positions with Irish Permanent plc and AIB Capital Markets, prior to which she worked in the drinks industry for 12 years. She is a non-executive director of EBS Building Society and of Social Innovations, an Irish charity.

Bainistíonn Barbara Patton gnó comhairleachta sa mhargaíocht a dhéanann sainchúram d'oiliúint ghnó agus de bhainistíocht branda. Bhí baint aici le cúrsaí margaíochta le breis is 20 bliain. Idir 1990 agus 2000, bhí poist shinsearacha bainistíochta aici le Irish Permanent plc agus le AIB Capital Markets. Roimhe sin d'oibrigh sí 12 bliana i ngnó na ndeochanna. Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin í ar an EBS Building Society agus ar Social Innovations, cumann carthanachta Éireannach.



**Oliver Wilkinson**

| | |
|---|---|
| *Director* | *Stiúrthóir* |
| *Age 65* | *Aois 65* |
| *Appointed 30 May 2008; first term* | *Ceaptha 30 Bealtaine 2008; Céad téarma* |

Mr. Wilkinson is a farmer in Co. Waterford and chairman of Cappoquin Community Development Company Limited. He has had a long career in local and national politics and was a member of Waterford County Council for 17 years until 2002. He was Mayor of Waterford County Council in 2001/2002 and a member of Dáil Éireann from 2002 until 2007.

Feirmeoir i gCo. Phort Láirge é Oliver Wilkinson agus tá sé ina Chathaoirleach ar an Cappoquin Community Development Company Limited. Tá saolré fada caite aige sa pholaitíocht ar leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil. Bhí se ina bhall de Chomhairle Chontae Phort Láirge ar feadh 17 mbliana go dtí 2002. Bhí sé ina Mhéara ar Chomhairle Contae Phort Láirge i 2001/2002 agus ba theachta é i nDáil Éireann ó 2002 go 2007.



**Michael Tyndall,** B.Comm., F.C.A.

| | |
|---|---|
| *Company Secretary* | *Rúnaí an Chomhlachta* |
| *Age 58* | *Aois 58* |
| *Appointed 8 May 1998* | *Ceaptha 8 Bealtaine 1998* |

Mr. Tyndall is Company Secretary in An Post since April 1998. He began his career in the accountancy profession from where he qualified as a chartered accountant. He then worked and held senior financial and management positions in insurance and distribution businesses before joining An Post in January 1989 as Head of Financial Accounting. He is a Trustee of the An Post Superannuation Schemes.

Ó mhí Aibreáin 1998 tá Michael Tyndall ina Rúnaí Cuideachta ar An Post. Thosaigh se a shaolré oibre i ngairm na cuntasaíochta mar ar cháiligh sé mar chuntasóir cairte. Chuaigh sé chun oibre ansin agus bhí poist shinsearacha airgeadais agus bainistíochta aige i ngnó an árachais agus gnó an dáileacháin roimh dhul isteach in An Post dó mar Cheann ar Chuntasaíocht Airgeadais mí Eanáir 1989. Tá sé ina Iontaobhaí ar Scéimeanna Aoisliúntais An Phoist.

*Key to Board Committees*
1. Audit
2. Remuneration

Note: In some cases, the terms have been less than three years.

*Eochair do Choistí an Bhoird*
1. Iniúchadh
2. Luach Saothair

Nóta: I gcásanna áirithe, ba théarmaí oifige níos lú na trí bliana a bhí i gceist.

# MANAGEMENT TEAM
# AN BHAINISTÍOCHT



*Photographed from left to right are:*
*Sa ghrianghraf ó chlé go deas tá:*

**Dermot Griffin,** B.Comm., F.C.C.A.
*Chief Executive*
*Príomhfheidhmeannach*

**Harry Cooke,** M.Sc.(Mgmt.), Dip. Applied Fin.
*Head of Operations and Corporate Affairs*
*Ceann ar Oibríochtaí agus Gnóthaí Corparáideacha*

**Peter Plunkett,** B.Sc., M. Ind. Eng.
*Head of IT*
*Ceann ar TF*

**Eddie Banville,** MSc, MGrad, FMII
*Head of Marketing*
*Ceann Margaíochta*

**Company Solicitor**
**Aturnae Comhlachta**
*Hugh O'Reilly*

**Auditor**
**Iniúchóir**
*KPMG*
*Chartered Accountants*

**Bankers**
**Baincéirí**
*Bank of Ireland*

**Solicitors**
**Aturnaetha**
*Matheson Ormsby Prentice*

**Registered Office:**
General Post Office,
O'Connell Street, Dublin 1.

**Oifig Chláraithe:**
Ardoifig an Phoist,
Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1.

# INDEX TO THE FINANCIAL STATEMENTS
# INNÉACS DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

| | |
|---|---|
| Report of the Directors<br>Tuarascáil na Stiúrthóirí | 30 |
| Statement of Directors' Responsibilities<br>Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 41 |
| Report of the Independent Auditors<br>Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 42 |
| Accounting Policies<br>Polasaithe Cuntasaíochta | 44 |
| Profit and Loss Account<br>Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 46 |
| Balance Sheet<br>Clár Comhardaithe | 47 |
| Cash Flow Statement<br>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 48 |
| Notes to the Financial Statements<br>Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 49 |

# REPORT OF THE DIRECTORS

**The Directors have pleasure in submitting their twenty third annual report, together with the audited financial statements of the Company, for the year ended 31 December, 2009, in fulfilment of their obligations under the Companies Acts, 1963 to 2009.**

### 1. The Company

The Company carries on the business of operating the National Lottery under Licence from the Minister for Finance in accordance with the provisions of the National Lottery Act, 1986.

80% of the issued share capital is held by An Post and 20% is held by the Minister for Finance.

### 2. Results for the Year

The results for the year are set out on page 46.

### 3. Business Review

The information required by Section 13 of the Companies (Amendment) Act, 1986, on the development of the business and important events, is included in the Chairman's Statement and Review of Operations on pages 2 to 25.

As described therein, the Company had a substantial surplus of €264m in 2009 (2008: €268m) to the benefit of the Beneficiary Fund. This resulted from sales of €815m in 2009 (2008: €840m). The decline in sales reflects the more normal out-turn on the Lotto jackpot rollover sequence as compared to the previous year where rollover sequence patterns exceeded expectations. In addition sales in 2009 were also adversely impacted by the deterioration in the Irish economy. The Company benefited from a full year's revenue from Monday Million, an expanded number of Raffles and the introduction of a new daily game 'All or Nothing'.

In monitoring the Company's performance, the Directors and management have regard to a range of key performance indicators (KPIs).

| KPI | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| Prizes as a percentage of sales | 53.8% | 54.1% |
| Operating costs as a percentage of sales | 13.9% | 14.0% |
| Surplus earned as a percentage of sales | 32.3% | 31.9% |
| Spend per capita | €183 | €190 |
| Number of retail outlets | 3,794 | 3,675 |

The above KPIs are within the terms of the Licence to operate the National Lottery.

The key risks and uncertainties facing the future development of the Company include the retention of the Company's licence to operate the National Lottery, the Company's significant reliance upon its IT infrastructure and retailer operations, the impact of general economic factors on the Company and the introduction of new games and channels. The Directors have developed a range of strategies to address these and other risks faced by the Company. The Corporate Governance Statement on page 31 sets out the Company's policies and approach to risks and the related internal control procedures and responsibilities.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

**Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a dtríú tuarascáil bhliantúil is fiche a chur i láthair, maille le ráitis airgeadais iniúchta an Chomhlachta, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 agus, dá réir, a gcuid dualgas faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 á gcomhlíonadh acu.**

### 1. An Comhlacht

Ritheann an Comhlacht a ghnó chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil le Ceadúnas ón Aire Airgeadais faoi réir fhorálacha an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

Tá 80% den scairchaipiteal eisithe i lámha An Post agus tá 20% ag an Aire Airgeadais.

### 2. Torthaí na Bliana

Tá torthaí na bliana leagtha amach ar leathanach 46.

### 3. Athbhreithniú Gnó

Tá an t-eolas a éilítear faoi réir Alt 13 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986, ar fhorbairt an ghnó agus ar imeachtaí tábhachtacha, clúdaithe i Ráiteas an Chathaoirligh agus san Athbhreithniú Oibríochtaí ar leathanaigh 2 go dtí 25.

Mar atá ráite ansin, bhí barrachas substaintiúil de €264m. ag an gComhlacht i 2009 (2008: €268m.) agus cuireadh é chun leasa Chiste na dTairbhithe. D'eascair an toradh seo as díolachán de €815m. i 2009 (2008: €840m.). Léiríonn an titim seo ar dhíolachán an toradh níos normálta a bhí ar shraitheog thar-rollta phota óir an Lotto i gcomparáid leis an mbliain seo caite nuair a sháraigh pátrúin na sraitheoige tar-rollta aon ní go mbeifí ag coinne leis. Thairis sin, bhí droch-thionchar ag an meath, a tháinig ar eacnamaíocht na hÉireann, ar an díolachán i 2009. Bhain an Comhlacht tairbhe as ioncam bhliain iomlán ó Monday Million, as líon méadaithe crannchur agus as cluiche laethúil nua 'All or Nothing'.

Agus monatóireacht á dhéanamh acu ar fheidhmiú an chomhlachta, tógann na Stiúrthóirí agus an bhainistíocht aird ar raon d'eochairtháscairí feidhmiúcháin (ETFanna).

| ETF | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| Duaiseanna mar chéatadán den díolachán | 53.8% | 54.1% |
| Costais oibríochta mar chéatadán den díolachán | 13.9% | 14.0% |
| Barrachas tuillte mar chéatadán den díolachán | 32.3% | 31.9% |
| Caiteachas per capita | €183 | €190 |
| Líon na n-asraon miondíola | 3,794 | 3,675 |

Tá na EFTanna thuasluaite taobh istigh de théarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil.

Ar na heochair-rioscaí agus na neamhchinnteachtaí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu, má táthar leis an gComhlacht a fhorbairt, tá coinneáil cheadúnas an Chomhlachta chun an Crannchur Náisiúnta a rith, chomh mór is atá an Comhlacht i dtuilleamaí a infreastruchtúr TF agus a oibríochtaí miondíola, éifeacht tosca eacnamaíochta ginearálta ar an gComhlacht agus cluichí is cainéil nua do theacht isteach. Tá raon straitéisí forbartha ag na Stiúrthóirí chun plé leo seo agus le rioscaí eile a gcaithfidh an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu. Tá polasaithe agus cur chuige an Chomhlachta maidir le rioscaí agus gnáthaimh inmheánacha rialaithe gaolmhara leagtha amach sa Ráiteas ar Rialachas Corparáide ar leathanach 31.

# REPORT OF THE DIRECTORS

### 4. Directors, Secretary and their interests

The Directors of the Company are appointed by the Minister for Finance for a fixed term, usually three years, and their conditions of appointment and fees are set out in writing.

The terms of office of Dermot Griffin and Micheál Ó Muircheartaigh expired on 5 November 2009, and they were re-appointed from that date.

The Directors and Secretary who held office at 31 December 2009 had no interest in the shares in, or debentures of, the Company or any Group Company.

### 5. Employees

The Company and An Post, which provides seconded staff to the Company, are equal opportunities employers. All applications for employment are given full and fair consideration, due regard being given to the aptitude and ability of the individual and the requirements of the position concerned.

All persons are treated on equal terms as regards training, career development and promotion.

The well-being of staff working in the Company is safeguarded through the strict adherence to health and safety standards. The Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005 imposes certain requirements in respect of staff and the Company has taken the necessary action to ensure compliance with the Act, including the adoption of a Safety Statement.

### 6. Corporate Governance

Maintaining high standards of corporate governance continues to be a priority of the Directors of An Post National Lottery Company. The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to apply as appropriate the relevant main and supporting principles of good governance in the 2006 Combined Code issued by the Financial Reporting Council in the UK. While the provisions of the Combined Code are of direct relevance only to listed companies, the Board feels that their application, where appropriate, assists the Company in its compliance with best corporate governance practice.

The Directors are accountable to the shareholders for good corporate governance and this report addresses how the relevant main and supporting principles of the Code of Best Practice for the Governance of State Bodies and the 2006 Combined Code have been applied within An Post National Lottery Company.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

### 4. Stiúrthóirí, Rúnaí agus a leas tairbhiúil

Is é an tAire Airgeadais a cheapann Stiúrthóirí an Chomhlachta do thréimhse réamhshocraithe, trí bliana sa ghnáthshlí, agus leagtar amach a dtéarmaí ceapacháin agus a dtáillí i scríbhinn.

Tháinig tréimhsí oifige Dermot Griffin agus Mhichíl Uí Mhuircheartaigh chun críche ar 5 Samhain 2009 agus athcheapadh iad le feidhm ón dáta sin.

Ní raibh leas tairbhiúil, scaireanna sa Chomhlacht ná bintiúir a bhain leis nó le haon Ghrúp Chuideachta ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí a bhí in oifig ar 31 Nollaig 2009.

### 5. Fostaithe

Fostóirí comhdheise iad an Comhlacht agus An Post, a sholáthraíonn foireann ar shealscarúint don Chomhlacht. Cuirtear gach iarratas ar fhostaíocht san áireamh go hiomlán agus go cothrom agus tugtar aird chuí ar mhianach agus ar chumas an duine agus ar riachtanais an phoist atá i gceist.

Caitear le gach duine ar bhonn cothrom chomh fada is a bhaineann sé le hoiliúint, le forbairt gairme agus le hardú céime a thabhairt.

Déantar cúram de dhea-bhail na foirne, atá ag obair leis an gComhlacht trí chloí go docht le caighdeáin shábháilteachta agus sláinte. Leagann An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, dualgais áirithe i leith na foirne agus tá na céimeanna riachtanacha glactha ag an gComhlacht chun déanamh de réir an Achta. Áirítear orthusan glacadh le Ráiteas Sábháilteachta.

### 6. Rialachas Corparáide

Tosaíocht é ag Stiúrthóirí Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist ardchaighdeán rialachais chorparáide a choinneáil. D'fhorbair an Bord a pholasaí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Sár-chleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt nuair is cuí do phríomhphrionsabail agus do phrionsabail thacaíochta ábhartha um dhea-rialachas atá sa Chomhchód a d'eisigh an Financial Reporting Council sa Ríocht Aontaithe i 2006. Siúd is go mbaineann forálacha an Chomhchóid go díreach le cuideachtaí liostáilte amháin, braitheann an Bord go gcuidíonn a bhfeidhmiú mar is cuí leis an gComhlacht chun sár chleachtas rialachais corparáide a chomhlíonadh

Tá na Stiúrthóirí freagrach do na scairshealbhóirí as dearialachas corparáide agus pléann an tuarascáil seo leis an tslí inar cuireadh i bhfeidhm na príomhphrionsabail agus na prionsabail thacaíochta ábhartha atá le fáil sa Chód Sár-chleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus i gComhchód 2006 i gcás Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist.

# REPORT OF THE DIRECTORS

### The Board

The Company is controlled through its Board of Directors. The Board's main roles are to oversee the operation of the Company, to provide leadership to the Company, to approve the Company's strategic objectives and to ensure that the necessary financial and other resources are made available to enable them to meet those objectives. The Board, which meets monthly during the year, has a schedule of matters reserved for its approval.

The specific responsibilities reserved to the Board include: setting Company strategy and approving an annual budget and medium-term projections; reviewing operational and financial performance; approving major capital expenditure; ensuring compliance with the terms of the licence to operate the National Lottery; reviewing the Company's systems of financial control and risk management; ensuring that appropriate management development and succession plans are in place; reviewing the environmental, health and safety performance of the Company; approving the appointment of the Company Secretary; and ensuring that a satisfactory dialogue takes place with shareholders.

The Board has delegated the following responsibilities to management: the development and recommendation of strategic plans for consideration by the Board that reflect the longer-term objectives and priorities established by the Board; implementation of the strategies and policies of the Company as determined by the Board; monitoring of the operating and financial results against plans and budgets; development of controls over the operation of draws; prioritising the allocation of technical and human resources; and developing and implementing risk management systems.

### The roles of the Chairman and Chief Executive

*The Chairman* leads the Board in the determination of its strategy and in the achievement of its objectives. The Chairman is responsible for organising the business of the Board, ensuring its effectiveness and setting its agenda. The Chairman facilitates the effective contribution of non-executive Directors and constructive relations between the executive Director and non-executive Directors, ensures that Directors receive accurate, timely and clear information and manages effective communication with shareholders.

